An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

An Plean Críochach um Aistriú Cóir

Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir

2022

Clár Ábhar

Clár Ábhar

Clár Ábhar 1

1. Leagan amach an phróisis aistrithe agus sainaithint na gcríoch ina mbeidh an tionchar is diúltaí laistigh den Bhallstát 3

1.1 An próiseas aistrithe a bhfuiltear ag súil leis 3

1.2 Na críocha a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh an tionchar is diúltaí iontu 7

2. Measúnú ar dhúshláin an aistrithe atá ann do gach ceann de na críocha a sainaithníodh 12

2.1 Measúnú ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ag an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach an Aontais faoi 2050 12

Tionchair Eacnamaíocha/Dhíreacha ar Fhostaíocht 12

Tionchair Eacnamaíocha Indíreacha 13

Tionchair Shocheacnamaíocha 14

Idirghabhálacha Reatha an Rialtais/an Aontais Eorpaigh 15

2.2 Riachtanais agus cuspóirí forbartha faoin mbliain 2030 i bhfianaise geilleagar aeráidneodrach an Aontais a bhaint amach faoin mbliain 2050 18

2.3 Chomhsheasmhacht le straitéisí agus pleananna ábhartha náisiúnta, réigiúnacha nó críochacha eile 21

An Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022-27 (S3) 21

Beartas Forbartha Tuaithe: Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann 2021-2025 22

An Ráiteas Beartais Náisiúnta faoin mBithgheilleagar 22

Daoine, Áit agus Beartas: Turasóireacht a Fhás go 2025 – Straitéis Turasóireachta Réigiúnaí do Chroíthailte Folaithe na hÉireann 2022-2026 23

Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha 23

Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha 23

Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail 24

An tIompar 24

2.4 Na cineálacha oibríochtaí atá beartaithe 26

3. Sásraí Rialachais 34

3.1 Comhpháirtíocht 34

3.2 Faireachán agus meastóireacht 34
3.3 Comhlachtaí comhordúcháin 35
3.4 Comhairliúchán Poiblí 36
4. Aschur clár-shonrach nó táscairí toraidh clár-shonracha 37

1. Leagan amach an phróisis aistrithe agus sainaithint na gcríoch ina mbeidh an tionchar is diúltaí laistigh den Bhallstát

1.1 An próiseas aistrithe a bhfuiltear ag súil leis

Tá ag géarú ar aistriú na hÉireann i dtreo geilleagar aeráidneodrach le blianta beaga anuas. Leis an *Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021*, foráiltear d'aistriú lena mbaineann laghdú 51% in astaíochtaí carbóin idir na blianta 2018 agus 2030 agus cuspóir arb é atá ann geilleagar a bheidh aeráid-díonach, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach faoin mbliain 2050. Foráiltear leis an Acht d'aistriú cóir laistigh de mhórchreat reachtúil an ghníomhaithe aeráide, rud lena gcumasófar deiseanna méadaithe fostaíochta agus deiseanna nua fostaíochta, agus tacaíocht á tabhairt dóibh sin a mbeidh an tionchar is diúltaí orthu.

Leagtar amach sa *Phlean Gnímh don Aeráid 2021* ó Éirinn gealltanais bheartais agus raonta táscacha na laghduithe astaíochtaí earnála chun go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla maidir le laghdú 51% in astaíochtaí a bhaint amach faoin mbliain 2030, lena n-áirítear laghdú in astaíochtaí earnála leictreachais ó 10.6 milliún tona de dhé-ocsaíd charbóin (CO2) go méid idir dhá mhilliún tona agus ceithre mhilliún tona. Leagtar amach ann conas a mhéadóidh an t-éileamh ar leictreachas ó fhoinsí inathnuaite suas go dtí 80%, nuair a bheidh sé sin indéanta agus éifeachtach ó thaobh costais de agus nuair nach gcuirfidh sé slándáil an tsoláthair i gcontúirt. Beidh 2 GW ar a laghad d'acmhainn giniúna gáis sa bhreis ag teastáil faoin mbliain 2030, agus faoi lár na bhfichidí den chuid is mó, chun slándáil an tsoláthair a chinntiú agus chun buntacú le toilleadh méadaithe leictreachais inathnuaite. Ar an iomlán, táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ó thart ar 50% go 30% faoin mbliain 2030 ar an gcéatadán de leictreachas arna ghiniúint ag gás nádúrtha de réir mar a mhéadaíonn giniúint ó fhoinsí inathnuaite.

Tá laghdú tagtha ar an úsáid a bhaintear as móin le haghaidh leictreachas a ghiniúint. Soláthraíodh trian amháin d'acmhainn giniúna iomlán na hÉireann as móin tráth. Faoin mbliain 1990, ba as móin a soláthraíodh 19% den ionchur fuinnimh isteach i leictreachas a ghiniúint, agus an céatadán sin ag laghdú go 1.5% sa bhliain 2021.

Faoin mbliain 2024, ba cheart go mbeadh an figiúr sin an-bheag ar fad toisc nach n-úsáidfear móin sa chóras giniúna. Thar an tréimhse chéanna, tháinig méadú ó 1% go 23% ar an úsáid a baineadh as giniúint ó fhoinsí inathnuaite agus tháinig méadú ó 27% go 48% ar an úsáid a baineadh as gás. Cuimsítear bearta agus beartais sa *Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030* chun laghdú 30% a bhaint amach faoin mbliain 2030 (astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa neamh-ETS, i gcomparáid le leibhéil na bliana 2005).

Cothaíodh gníomhaíochtaí bainte móna le tacaíocht ón rialtas trí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, rud lenar cuireadh oibleagáid ar BSL méid seasta leictreachais mhóinbhreoslaithe a cheannach go dtí an bhliain 2019. Mar gheall ar dhúnadh tobann dhá stáisiún dóite móna sa Lár Tíre sa bhliain 2020, ní rabhthas in ann dhá mhilliún tona de mhóin Bhord na Móna a dhó a thuilleadh, rud a laghdaigh astaíochtaí carbóin faoi 51% (ar dá bharr a seachnaíodh 1.25 milliún tona ar a laghad d'astaíochtaí CO2) agus a rannchuidigh le hastaíochtaí giniúna a laghdú faoi 7.9%. Maidir leis an stáisiún amháin atá fágtha sa Lár Tíre, atá lonnaithe in Éadan Doire agus a úsáideann móin agus bithmhais faoi láthair, tá sé beartaithe go gcuirfidh sé bithmhais in ionad móna ón mbliain 2024 i leith. Dá bharr sin, laghdófar astaíochtaí tuilleadh.

Tá bearta a bhfuil mar aidhm leo laghdú in astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhaint móna a bhaint amach á ndéanamh tríd an Scéim Fheabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú. Is tionscnamh é sin atá ailínithe leis an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna (2015-25) de chuid na hÉireann, rud ina leagtar amach creat fadtéarmach maidir le tailte móna na hÉireann a bhainistiú ar bhonn freagrach. Mar thoradh ar dheireadh a chur le baint ar thailte na Scéime um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú, tá coigiltí carbóin ann toisc nach bhfuil móin á dó a thuilleadh, tá stop curtha le hastaíochtaí ó na tailte móna díghrádaithe agus tá stórtha carbóin atá ann cheana á gcosaint. San fhadtéarma, athbhunófar an acmhainn ceaptha go méideanna éagsúla, ag brath ar mhéid díghrádúcháin gach portaigh. Cuireadh tús le hoibreacha ar 35 phortach. Is iad seo na tairbhí measta aeráide a thiocfaidh as astaíochtaí arna seachaint agus as ceapadh sa todhchaí trí bhearta breisithe athshlánúcháin a chur chun feidhme agus trí athfhliuchadh:

- Stóráil Carbóin i gcomparáid le Gan Aon Athshlánú a bheith ann – idir 62 mhilliún tona agus 78 milliún tona
- Na tonaí CO2 arna seachaint – 3.3 milliún tona

Leanfar leis na figiúirí táscacha sin a athrú chun dáta trí fhaireachán carbóin an tionscadail.

Tuairiscítear Bogach agus Féarthailte mar chatagóirí leithleacha le haghaidh na hearnála Athrú Úsáide Talún agus Foraoiseachta mar chuid d'fhardal náisiúnta na hÉireann. Glanfhoinse astaíochtaí in Éirinn is ea an earnáil seo, murab ionann agus formhór na dtíortha san Eoraip. Tá sé ríthábhachtach go laghdófar astaíochtaí ón earnáil Athrú Úsáide Talún agus Foraoiseachta trí mhórscéimeanna um thailte móna a athchóiriú agus a athshlánú. Tugtar le fios i sonraí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le déanaí gur tháinig laghdú faoi níos mó ná a leath ar astaíochtaí i gcatagóir an Bhogaigh (rud lena n-áirítear féarthailte agus foraoiseacht ar ithreacha móna) óna mbuaic, arbh ionann í agus 4.2 milliún tona de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (2015), go 2.0 milliún tona (2021) mar thoradh ar dheireadh a chur le tailte a bhaint agus a athfhliuchadh.

Cuimsítear sa *Phlean Gnímh don Aeráid 2021* Plean Cur Chun Feidhme le haghaidh Réigiún an Láir Tíre, mar fhreagairt do na moltaí a fuarthas ón gCoimisinéir um Aistriú Cóir ar cheap an Rialtas é sa bhliain 2019. Bhunaigh údaráis áitiúla an Láir Tíre Foireann Aistrithe Réigiúnach an Láir Tíre, a imríonn ról lárnach i gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha réigiúnacha agus áitiúla a chomhordú, ag obair di le tacaíocht ó shaoráid Rúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh um Chúnamh Teicniúil do Réigiúin i mBun Aistrithe agus trí rannpháirtíocht in Ardán an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir. Áirítear le cineálacha eile tacaíochta spriocdhírithe Ciste Náisiúnta um Aistriú Cóir. Tá an Ciste sin ag soláthar suas le €22.1 milliún i gcistiú deontais, rud atá ag soláthar €15 mhilliún i gcistiú breise don réigiún agus ag tacú le tuairim is 178 bpost dhíreacha agus le 999 bpost indíreacha. Cinntíodh leis na tionscnaimh sin gur tógtha ar bhunsraith láidir a leagadh le hidirghabhálacha náisiúnta roimhe atá an Plean Críochach seo um Aistriú Cóir.

Amlíne

Athrófar spriocanna an *Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide* chun dáta chun go mbeidh siad ag teacht leis na spriocanna reachtúla athbhreithnithe don bhliain 2030 le haghaidh astaíochtaí a laghdú, mar a fhoráiltear dóibh san *Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021*, agus chun go mbeidh siad ag teacht le spriocanna an phacáiste 'Oiriúnach do 55' ón Aontas Eorpach. Foilseofar

Straitéis Fhadtéarmach Aeráide sa bhliain 2022. Léireofar inti uaillmhianta reachtúla breisithe na hÉireann i leith na haeráide. Agus í ag tógáil ar an dícharbónú go dtí an bhliain 2030 atá leagtha amach sa *Phlean Gnímh don Aeráid 2021*, sainaithneofar inti conairí táscacha tar éis na bliana 2030 i dtreo neodracht carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2050, agus anailís ar roghanna aistrithe ar fud príomhearnálacha den gheilleagar mar bhonn agus thaca acu. Beidh sé sin mar bhonn eolais do chinnteoireacht, do chinntí infheistíochta agus do ghníomhaíocht teaghlach, pobal agus saoránach sa todhchaí, agus iad bunaithe ar phrionsabail an aistrithe chóir.

1.2 Na críocha a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh an tionchar is diúltaí iontu

Chun aeráidneodracht a bhaint amach, teastaíonn bunathrú chun feabhais ar fud an gheilleagair agus na sochaí, agus tionchair le sonrú ar bhonn níos mó in earnálacha áirithe.

Tionchair Eacnamaíocha/Fostaíochta

B'fhostóirí tábhachtacha sa Chríoch iad Bord na Móna agus Bord Soláthair an Leictreachais (BSL), agus iad ag tógáil pobail a bhíodh ag brath ón taobh eacnamaíoch de ar earnálacha neamhspleácha na talmhaíochta, na bainte móna agus an tionscail fuinnimh.

Is é is BSL ann ná corparáid phoiblí reachtúil a bhfuil baint aici leis na céimeanna ar fad ó ghiniúint chumhachta go soláthar cumhachta. Cé gur fostóir tábhachtach sa chríoch é go traidisiúnta, tá an fhostaíocht dhíreach agus indíreach trí ghiniúint chumhachta móinbhunaithe ag laghdú le lear blianta anuas. Is dúnta anois atá na stáisiúin dóite móna uile de chuid BSL. Dúnadh stáisiúin chumhachta san Fhéar Bán agus i Ród, Contae Uíbh Fhailí, sa bhliain 2003. Sa bhliain 2019, diúltaíodh d'iarratas pleanála ó BSL ar Stáisiún Cumhachta Uíbh Fhailí Thiar a aistriú ó mhóin go bithmhais ón mbliain 2020 ar aghaidh. In athbhreithniú a rinneadh ina dhiaidh sin ar na roghanna le haghaidh Stáisiún Cumhachta Uíbh Fhailí Thiar agus Stáisiún Cumhachta Loch Rí tar éis na bliana 2020, nochtadh nach mbeadh aon samhail inmharthana ghnó ann tar éis na bliana 2020. Cuireadh deireadh le giniúint leictreachais ansin i mí Aibreáin 2020. Athlonnaíodh 68 nduine d'oibrithe BSL.

Tá punann Bhord na Móna thart ar 80,000 heicteár ar fad. Tá sí comhdhéanta de bhreis agus 130 portach, atá ag teacht leis an gCríoch bheartaithe, dá bhfuil an chuid is mó lonnaithe i Laois, sa Longfort, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí agus dá bhfuil cuid lonnaithe i gcodanna de Ros Comáin, de Ghaillimh, de Thiobraid Árann agus de Chill Dara, ar contaetha tadhlacha iad. Ó bhí an bhliain 2015 ann, bhí sé beartaithe ag Bord na Móna éirí as an mbaint tráchtála móna faoin mbliain 2030. Ba é an toradh a bhí ar an gcinneadh tobann a rinneadh ar Stáisiún Cumhachta Uíbh Fhailí Thiar agus Stáisiún Cumhachta Loch Rí a dhúnadh sa bhliain 2020, áfach, ná gur fhág 380 duine d'oibrithe Bhord na Móna an chuideachta trí scéim Iomarcaíochta Deonaí. Bhí an figiúr sin comhdhéanta de 210 fostaí buan agus de 170 oibrí séasúrach. D'fhág 70 duine eile an chuideachta toisc go ndeachaigh siad ar scor nó toisc gur éirigh siad as. Leagadh díriú ar an ngá le conraitheoirí a laghdú agus, i gcás gurbh fhéidir agus go raibh na tacair sainscileanna inaistrithe, athlonnaíodh fostaithe de chuid Bhord na Móna chun acmhainní

conartha a chur as a n-áit. Níl figiúirí cruinne le fáil chun a léiriú cé na tionchair indíreacha shuntasacha a bheidh ann ar chonraitheoirí i Laois, sa Longfort, in Uíbh Fhailí agus san Iarmhí, agus i gcodanna de Ros Comáin, de Ghaillimh, de Thiobraid Árann agus de Chill Dara a chónaíonn sa chomharsanacht.

Ag teacht sna sála ar dheireadh a chur le baint tráchtála móna le haghaidh giniúint chumhachta, d'fhógair BSL go bhforbródh sé pleananna le haghaidh láithreáin Stáisiún Cumhachta Uíbh Fhailí Thiar agus Stáisiún Cumhachta Loch Rí a úsáid mar ionaid fuinnimh inathnuaite, agus comhdhlúthadáin shioncronacha agus acmhainní stórála fuinnimh i measc na dteicneolaíochtaí beartaithe. Sa straitéis ó BSL dar teideal *Driven to Make a Difference: Net Zero by 2040*, leagtar treochlár amach i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach faoin mbliain 2040, agus gealltanas á thabhairt inti go bhféachfaí le hoibríochtaí dícharbónaithe a chur i gcrích faoin mbliain 2030. D'fhógair Bord na Móna an *Brown to Green Strategy* uaidh. Is é atá i gceist leis an chuideachta a iompú ina cuideachta réiteach aeráide a bheadh dírithe ar fhuinneamh inathnuaite, ar athchúrsáil, ar athchóiriú tailte móna, ar bhainistíocht gnáthóg agus ar earraí agus seirbhísí eile atá ar bheagán carbóin a sholáthar. Cé go bhfuil sé amhlaidh gur tairgeadh athlonnú d'oibrithe nó go dtairgfear athlonnú d'oibrithe, leanfaidh athstruchtúrú leanúnach ghníomhaíochtaí BSL agus Bhord na Móna le himpleachtaí a bheith aige d'fhostaíocht dhíreach agus indíreach sa réigiún. Áirítear leis an scor de ghníomhaíochtaí a bhaineann le móin an deireadh atá sé beartaithe le cur le dó móna (arb ionann é agus 70% den aschur faoi láthair) i Stáisiún Éadan Doire ón mbliain 2024 i leith agus dúnadh na monarchan brícíní i nDoire an Locha sna míonna tosaigh den bhliain 2024. Beidh tionchar aige sin ar 76 oibrí soláthair móna agus ar 15 oibrí díolacháin, ar oibrithe iad a ath-imlonnófar. Maidir le mórthionchair shocheacnamaíocha, amhail cailleadh na cumhachta ceannaigh laistigh de phobail tuaithe, cailleadh na fostaíochta séasúraí agus rátaí laghdaithe údaráis áitiúil, déanfaidh siad difear breise don soláthar seirbhísí áitiúla.

An Bonn Fianaise don Chríoch ina mBeidh an Tionchar is Diúltaí

Ag teacht sna sála ar mheasúnú oibiachtúil fianaisebhunaithe agus ar anailís, tá sé beartaithe gur cheart Contae Uíbh Fhailí, Contae Laoise, Contae an Longfoirt, Contae na hIarmhí agus Contae Ros Comáin, mar aon le cúig Cheantar Bhardasacha eile, mar atá Béal Átha na Sluaighe (Contae na Gaillimhe), Baile Átha Í agus Claonadh-Maigh Nuad (Contae Chill Dara), Carraig na Siúire agus Durlas (Contae Thiobraid Árann) a bheith ar áireamh sa chríoch.

Tá an anailís sin bunaithe ar dhá staidéar.

- Chistigh an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (SRSP) staidéar agus tuarascáil

dar teideal *D3 Report on the Transition Process Toward Climate Neutrality*. Leagtar amach ann modheolaíocht anailíseach chríochach chun go mbeifear in ann na críocha 'a mbeidh an tionchar is diúltaí iontu' a bhreithmheas. Sainaithníodh ansin go bhfuil réigiún an Láir Tíre de chuid NUTS 3[1] (Uíbh Fhailí, Laois, an Longfort agus an Iarmhí) agus Ros Comáin ar na contaetha 'a mbeidh an tionchar is diúltaí iontu'.

- Choimisiúnaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide *People and Place* chun anailís staitistiúil bhreise a dhéanamh chun anailís níos mínghráinní a sholáthar ar leibhéal an cheantair bhardasaigh. Cé nach bhfuil sonraí ar fáil ar leibhéal an fhochontae le linn na hidirthréimhse ó bhí an bhliain 2020 ann, cumasaíodh leis an anailís sin forbhreathnú níos gráinní a ghnóthú ar na limistéir ina mbeidh 'an tionchar is diúltaí'. Spreagadh é sin leis an ngá le cur chuige 'uile-chríche' a chinntiú chun go mbeadh léiriú geografach an aistrithe i gcomhréir leis an réaltacht shocheacnamaíoch, agus ní le teorainneacha riaracháin a d'fhéadfadh athrú ag am ar bith.

Achoimrítear príomhphointí ó na staidéir sin sna hailt seo a leanas.

- Tá na cúig phríomhghléasra thionsclaíocha a bhaineann le baint móna lonnaithe ag teorainneacha contae – Stáisiún Cumhachta Loch Rí (atá lonnaithe i gContae an Longfoirt, cé go bhfuil sí ar an teorainn le Contae Ros Comáin), Stáisiún Cumhachta Uíbh Fhailí Thiar (atá ar an teorainn le Contae na Gaillimhe agus le Contae Ros Comáin), Stáisiún Cumhachta Éadan Doire (atá ar an teorainn le Contae Chill Dara), Monarcha Brícíní Dhoirín an Locha (atá lonnaithe i gContae Uíbh Fhailí, cé nach bhfuil sí ach 25 chiliméadar ó Chontae na Gaillimhe) agus Monarcha Brícíní an Bhaile Bhig (Contae Thiobraid Árann). Chónaigh na fostaithe a mbeidh an tionchar is diúltaí orthu sna contaetha seo a leanas: Laois, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, Cill Dara, Ros Comáin, an Longfort, Tiobraid Árann agus Gaillimh.

- Tá 30%, beagnach, de phortaigh mhóna Bhord na Móna lonnaithe lasmuigh de theorainn Chontaetha NUTS 3 gus lasmuigh de theorainn Chontae Ros Comáin. I mbunachar sonraí CORINE faoi na tailte portaigh is suntasaí in Éirinn, léirítear gurb ann do thailte móna suntasacha lasmuigh de NUTS 3 i gcodanna oirthearacha de Chontae Thiobraid Árann – ó Theampall Tuaithe go Cill Náile agus Cill Dara Thuaidh agus Thiar – timpeall na n-áiteanna seo: an Chorrchoill, Fiodh Alúine, Tigh Mochua, Cairbre, Ráth Iomgháin agus Cill Bhearaigh. Léiríodh in anailís ar shonraí eacnamaíocha go raibh

[1] Seasann NUTS do 'Aicmiú Comhchoiteann na nAonad Críche maidir le Staidreamh', atá ceaptha chun tagairt a dhéanamh do na forannta difriúla de thíortha chun críocha staidrimh ar mhaithe le Cistí ón Aontas Eorpach a sholáthar. Tá na hocht réigiún de chuid NUTS 3 ag teacht le teorainneacha údaráis réigiúnaigh na hÉireann.

tionchar mór ag láthair na bportach sin agus ag a ngléasraí gaolmhara ar cheantair bhardasacha in aice láimhe, agus patrúin um thaisteal chun na hoibre le sonrú go soiléir lasmuigh de theorainn Chontaetha NUTS 3 agus de theorainn Chontae Ros Comáin.

- Bhí an díriú geografach sin ag teacht leis na saintréithe soch-chultúrtha, oidhreachta agus féiniúlacht pobail a bhaineann le tailte portaigh, rud nach raibh teorannaithe ag teorainneacha riaracháin réigiúnacha agus contae. Maidir le láithreáin atá aicmithe mar láithreáin a bhfuil íogaireacht 'an-ard' acu agus ina gcuimsítear láithreáin Natura 2000, Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta, trasnaíonn siad teorainneacha contae freisin, agus iad ag cuimsiú gnéithe geografacha amhail Sliabh Bladhma, Loch Rí, Loch Ainninn, Loch Foirbis, agus roinnt tailte portaigh – go háirithe i gCeantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe.

- Mar shampla, tá Gléasra Cumhachta Éadan Doire an fad céanna, beagnach, ó lár Éadan Doire agus atá sé ón teorainn le Contae Chill Dara (7 km), agus is é Ráth Iomgháin (Contae Chill Dara) an dara baile is cóngaraí dó, agus é 12 km ar shiúl. Tá dlúthbhaint leis an saol ar na tailte portaigh ag an-chuid de thimpeallacht thógtha agus féiniúlacht na mbailte amhail Ráth Iomgháin agus na sráidbhailte amhail an Loilíoch Mhór (Contae Chill Dara). Mar gheall ar chodanna de Ghaillimh Thoir a bheith i ndlúthghaireacht do phríomhghléasraí tionsclaíocha agus monaraíochta móna amhail gléasra cumhachta móinbhreoslaithe Uíbh Fhailí Thiar (a bhí lonnaithe 14 km ar shiúl ó Bhéal Átha na Sluaighe), atá dúnta anois, agus mar gheall ar a thábhachtaí a bhíodh Monarcha Brícíní an Bhaile Bhig, atá dúnta anois, do Cheantar Bardasach Dhurlais agus do Cheantar Bardasach Charraig na Siúire, is mó fós atá an corp fianaise lena dtacaítear le cur chuige a théann thar theorainneacha riaracháin agus ina ndírítear ar an réaltacht shocheacnamaíoch nuair atáthar ag léiriú na críche cuí.

- Luadh san anailís staitistiúil ó *People and Place* cé chomh cuí agus chomh húsáideach is atá aonaid fochontae, eadhon ceantair bhardasacha, maidir le hainmniú oibiachtúil, láidir agus bailí lorg coise geografach na Críche a chinntiú. Sainaithníodh leibhéil chosúla nó leibhéil níos mó de shriantacht shocheacnamaíoch, a fholaíonn an déimeagrafaíocht, an tsochaí, an fholláine, an geilleagar agus an éiceolaíocht, i limistéir fochontae lasmuigh de NUTS 3 agus lasmuigh de Ros Comáin, agus iad bainteach leis an spleáchas stairiúil ar mhóin.

Tá an chríoch bheartaithe comhdhéanta de 19 gceantar bhardasacha, a bhfuil baint dhíreach acu le tionscal traidisiúnta móna na hÉireann agus a bhfuil dúshláin chosúla le sárú acu agus iad ag iarraidh aistriú chuig geilleagar agus sochaí a bheidh saor ó charbón. San anailís, tugtar bonnlíne le haghaidh an chomhthéacs gheografaigh, agus é mar bhonn eolais do chur chuige fianaisebhunaithe a ghlacadh i leith oibríochtaí a roghnú lena gcur ar áireamh i gclár Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir.

2. Measúnú ar dhúshláin an aistrithe atá ann do gach ceann de na críocha a sainaithníodh

2.1 Measúnú ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ag an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach an Aontais faoi 2050

Bhí an tionchar a bheidh ag an aistriú ar an margadh saothair mar chúis le dúshláin ar leith laistigh den Chríoch bheartaithe, de dheasca difríochtaí eacnamaíocha agus sóisialta a bhí ann cheana. Cónaíonn 58.2% de dhaonra na Críche beartaithe i limistéir thuaithe, figiúr atá 20% níos airde ná an meán náisiúnta. Chomh maith leis sin, is airde ráta spleáchais aoise na Críche, an céatadán de leanaí atá faoi bhun 17 mbliana d'aois inti, an céatadán d'aosaigh atá os cionn 65 bliana d'aois inti agus an ráta míchumais inti ná an meán náisiúnta. Is limistéir atá aicmithe mar limistéir faoi mhíbhuntáiste iad an chuid is mó de Chontae Ros Comáin, de Chontae an Longfoirt agus de Chontae na hIarmhí, na codanna tuaisceartacha de Chontae na hIarmhí, an chuid iartharach de Chontae Laoise agus an chuid is mó de Cheantar Bardasach Charraig na Siúire. Maidir le hollioncam airmheánach teaghlaigh na Críche, tá sé níos ísle ná an meán náisiúnta. Léirítear sna sonraí déimeagrafaíochta gnó cé chomh tábhachtach don réigiún is atá fostaíocht dhúchasach agus fiontair bheaga agus mheánmhéide. Is gnólachtaí atá faoi úinéireacht Éireannach agus a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe acu iad formhór mór na ngnólachtaí a sholáthraíonn fostaíocht.

Is coitianta leibhéil ísle ghnóthachtála oideachais i bpobail a bhíodh spleách ar mhóin toisc go soláthraíodh an tionscal poist a mbíodh pá measartha maith ag gabháil leo agus nach mbíodh cáilíochtaí oideachais threasaigh ag teastáil ina leith den chuid is mó. Ní dheachaigh 30.6% de dhaonra na Críche ar aghaidh chuig an tsraith shinsearach den oideachas dara leibhéal. Tá an figiúr sin trí phointe céatadáin níos airde ná leibhéal an Stáit, arb ionann é agus 27%. Níl cáilíocht tríú leibhéal ach ag 27.5% den daonra. Tá an figiúr sin 5% níos ísle ná an meán náisiúnta. Beidh sé doiligh aghaidh a thabhairt ar easnaimh scileanna de dheasca na bpróifílí aoise níos sine, de dheasca an ísealdlúis daonra agus de dheasca an mhéid theoranta iompair phoiblí atá ar fáil sa limistéar áitiúil.

Tionchair Eacnamaíocha/Dhíreacha ar Fhostaíocht

Sa bhliain 1980, d'fhostaigh Bord na Móna 7,100 duine, agus fostaíodh a lán daoine eile in obair conartha amhail baint shéasúrach móna. Tháinig laghdú ar an bhfigiúr sin le himeacht ama. Dar

leis an staidéar 2021 a cistíodh tríd an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach ar na Dúshláin, na Riachtanais agus na Gníomhartha Molta, bhí tionchar díreach ann ar thart ar 1,000 duine d'fhostaithe agus de chonraitheoirí i mBord na Móna idir mí Eanáir 2019 agus mí na Bealtaine 2021. Idir mí Eanáir 2019 agus mí na Bealtaine 2021, b'amhlaidh, maidir le 560 fostaí san iomlán, a d'fhág siad an chuideachta nó a ath-imlonnaíodh iad i mBord na Móna toisc gur dúnadh an dá ghléasra cumhachta de chuid BSL agus de dheasca dheireadh an tsoláthair ghaolmhair móna. Roimh na dúntaí sin, dúnadh Monarcha Brícíní an Bhaile Bhig agus an portach gaolmhar soláthair 'baile', rud ba chúis le cailleadh 125 phost, a bheag nó a mhór, agus ba é dúnadh ionaid dáileacháin guail Bhord na Móna ba chúis le cailleadh 45 phost roimhe sin fós.

D'athraigh thart ar 350 fostaí a ról chuig an Scéim um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú, go háirithe ó róil bhainte. Mar sin féin, tá inbhuanaitheacht agus riachtanais na ról sin san fhadtéarma de chineál a fhágann go meastar iad a bheith níos éagobhsaí agus níos éiginnte ná mar a bhí a róil roimhe le Bord na Móna roimh an aistriú. Tar éis tréimhse meatha, tá Bord na Móna tar éis teacht isteach i dtréimhse fáis an athuair. Bhí sé in ann déanamh amhlaidh trí aonaid ghnó a athstruchtúrú agus a athmhúnlú agus trína ghnó a athdhíriú mar eagraíocht réiteach aeráide. Tháinig deiseanna nua chun cinn dá bharr. Ina theannta sin, fógraíodh sa bhliain 2021 pleananna chun 1,435 phost a chruthú sa Lár Tíre faoin mbliain 2026. Tá 80% d'oibríochtaí an Bhoird dírithe anois ar tháirgeadh fuinnimh inathnuaite, ar athchúrsáil, ar athshlánú tailte móna agus ar fhorbairt táirgí inbhuanaithe. Oibríonn Bord na Móna saoráid úsáide gás láithreáin líonta i gContae Chill Dara a ghineann leictreachas inathnuaite le haghaidh 8,500 teach.

Bhí tionchar ag dúnadh na ngléasraí ar fhostaithe BSL freisin. Ní raibh aon iomarcaíochtaí éigeantacha ann i measc na 68 mball foirne, a bheag nó a mhór, toisc gur thángthas ar réitigh amhail scaoileadh deonach, luathscor agus aistrithe. Taispeántar sna pleananna ó BSL maidir le láithreáin an dá stáisiún cumhachta a fhorbairt tiomantas d'infheistíocht a dhéanamh i nginiúint fuinnimh inathnuaite agus i stóráil fuinnimh sa réigiún ar bhonn fadtéarmach.

Tionchair Eacnamaíocha Indíreacha

Bhí tionchair indíreacha shuntasacha freisin ag na móréifeachtaí fostaíochta ar an ngeilleagar réigiúnach, a tháinig as an laghdú a bhí ag teacht ar bhaint tráchtála agus ar ghiniúint tráchtála trí mhóin a úsáid. Ina measc sin tá tionchair iartheachtacha amhail an laghdú i bhfostaíocht indíreach, i gcaiteachas gnó agus i gcaiteachas sa gheilleagar áitiúil. Áirítear le fostaíocht indíreach conraitheoirí seachtracha a fhostú, ar daoine iad a raibh tionchar ag dúnadh na

ngléasraí agus na n-oibríochtaí orthu. Maidir leis na tionchair dhiúltacha a bheadh ag caiteachas indíreach laghdaithe sa gheilleagar réigiúnach, leagadh béim orthu freisin le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar an dréacht-Phlean Críochach, go háirithe na tionchair ar an earnáil miondíola agus ar an earnáil fáilteachais. Luadh go bhfuil gníomhaíochtaí laghdaithe ar fud gach earnála ag teacht as an aistriú. Áirítear leis na hearnálacha sin an earnáil talmhaíochta, an earnáil tógála, an earnáil taighde agus forbartha, an earnáil fiontar sóisialta agus an earnáil iompair, rud atá ag cruthú mórdhúshláin maidir le deiseanna a sholáthar do na glúnta atá le teacht agus iad ag iarraidh pobail inbhuanaithe a chothabháil. Luaigh freagraithe gurbh é an toradh a bhí ar chineál an táirgthe móna ná gur mhinic a dhéanadh a lán conraitheoirí a bhfuil tionchar orthu feirmeoireacht ar ghabháltais imeallacha freisin, agus iad ag baint úsáid as móin le haghaidh úsáid phearsanta nó áitiúil, agus an-chuid díobh thíos le laghduithe suntasacha ina n-ioncam. Cuid ríthábhachtach den gheilleagar i bpobail tuaithe a bhíonn spleách ar mhóin agus a bhfuil tionchar orthu is ea an talmhaíocht. Tá feirmeoir ag barr 8%, beagnach, de theaghlaigh. Tá an figiúr sin níos airde ná an meán náisiúnta. Cé gur dúshlánach atá idirghabhálacha féideartha chun tacú le feirmeoirí imeallacha dul i dtreo éagsúlú eacnamaíoch agus chun pobail a bhfuil tionchar acu a chumasú chun scileanna nua a fhoghlaim agus leas a bhaint as deiseanna nua nuálacha sa gheilleagar glas, mar gheall ar an ísealdlús daonra agus ar iompar áitiúil atá ar chaighdeán íseal, is príomhthoisc taobh thiar dá rathúla a bheidh idirghabhálacha Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir í réitigh den sórt sin a chur ar fáil.

Tionchair Shocheacnamaíocha

Cé gurb é an príomhdhúshlán le linn an aistrithe amach ó mhóin é an tionchar ar phoist agus pobail sa réigiún a bhfuil tionchar air de réir mar atá deireadh á chur leis na tionscail mhóna atá dian ar shaothar, chuir freagraithe ar an gcomhairliúchán poiblí ábhar imní soiléir in iúl faoi na mórthionchair shocheacnamaíocha agus faoi na tionchair iarmhartacha ar bhánú na tuaithe. Sa Chríoch thuaithe seo, is ann do bheagán deiseanna fostaíochta áitiúla malartaí d'oibrithe a bhfuil acu tacar sainscileanna atá ríshonrach agus, dá dheasca sin, atá doiligh le haistriú. Measadh go mbeadh ríthábhacht ag baint le fiontair shóisialta, miondíol agus turasóireacht sa limistéar áitiúil a fhorbairt chun deiseanna inláimhsithe le haghaidh fás geilleagrach a sholáthar, ar deiseanna iad a rachadh chun tairbhe go díreach do phobail a bhfuil tionchar orthu. Luaigh freagraithe gurbh é an toradh a bhí ar na caillteanais post ina lán cásanna ná gur aistríodh an ról mar shaothraí, rud as ar tháinig tuilleadh rannpháirtíochta i measc na mban.

Go dtí seo, bhí an tionscal móna, an ghiniúint chumhachta agus an oidhreacht thionsclaíoch ina nithe ríthábhachtacha don réigiún seo ón taobh eacnamaíoch de, ón taobh cultúrtha de agus ón

taobh sóisialta de. Bhí mórthionchair shocheacnamaíocha le feiceáil sa chomhairliúchán poiblí, inar leagadh béim ar an bhfíric gurbh fhoinse mhór bróid é an tionscal móna, agus é ag buntacú leis an bpobal ó thaobh tairbhí eacnamaíocha, eolas idirghlúine agus aistriú scileanna de, ag mealladh daoine nua chun an phobail, ag soláthar braistint comhtháthaithe agus féiniúlachta agus ag cruthú raon leathan scileanna teicniúla agus boga tacaíochta. Anuas ar fhostaíocht a mbíodh pá íseal ag gabháil léi a sholáthar, sholáthraítí tairbhí sóisialta eile, ar nós tacú le pobail áitiúla agus le clubanna spóirt. Luaigh freagraithe ar an gcomhairliúchán gur mhian leo nach ligfí daoine óga i ndearmad. Chistigh Bord na Móna roinnt scéimeanna tithíochta d'fhostaithe sa réigiún freisin. Mhealladh an tionscal móna daoine nua chun an phobail, ag cruthú raon leathan gnólachtaí tacaíochta agus raon leathan scileanna teicniúla agus boga agus ag soláthar braistint comhtháthaithe agus féiniúlachta. Tá Bord na Móna ag iniúchadh gníomhaíochtaí nua chun leas a bhaint as a ghabháltais shuntasacha i réimse na bithéagsúlachta agus na turasóireachta, rud a d'fhéadfadh seachthairbhí a sholáthar don Chríoch.

Idirghabhálacha Reatha an Rialtais/an Aontais Eorpaigh

Tá tacaíocht tugtha ag an Aontas Eorpach agus ag Rialtas na hÉireann cheana féin do roinnt idirghabhálacha sa Chríoch chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair shocheacnamaíocha sin trí thionscnaimh éagsúla.

- Dhámh an Ciste Náisiúnta um Aistriú Cóir deontas ab fhiú €738,820 chun Páirc Fuinnimh Ghlais Róid a fhorbairt trí iarstáisiún cumhachta Róid a bhunathrú ina pháirc fuinnimh ghlais chun láithreáin sheirbhísithe a sholáthar d'fhiontair fuinnimh, agus féidearthacht a bheith ann le haghaidh spás gorlainne sa todhchaí agus le haghaidh staidéar indéantachta ina bhfiosrófar comhtháthú ionad sonraí le fuinneamh inathnuaite agus le hidrigin ghlas. Cuimsítear ansin staidéar indéantachta chun scrúdú a dhéanamh ar theaglaim teicneolaíochtaí inathnuaite, teicneolaíochtaí maolaithe carbóin amhail ceallraí, táirgeadh gáis shintéisigh (fuíoll foraoise agus barra fuinnimh bunábhair) agus hidrealú le haghaidh hidrigin ghlas a tháirgeadh.

- Leis an Scéim um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú, barrfheabhsaítear tairbhí aeráide, comhshaoil, éiceolaíocha agus hidreolaíocha chun rannchuidiú le folláine na nglúnta reatha agus na nglúnta atá le teacht. Tríd an bPlean Náisiúnta um Theacht Aniar agus Téarnamh, tá Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais Eorpaigh ag infheistiú suas le €108 milliún sa Scéim um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú chun 33,000 heicteár de thailte móna a athshlánú thar 82 cheann de phortaigh Bhord na Móna a d'úsáidtí roimhe seo le haghaidh baint móna ar mhaithe le giniúint leictreachais.

Rinneadh athshlánú ar bhreis agus 10,000 heicteár de thailte móna go dtí seo agus beidh 32,779 heicteár athshlánaithe ar an obair sin a chur i gcrích, agus méid idir 62 mhilliún tona agus 78 milliún tona de stórtha carbóin atá ann cheana á chosaint.

- Sa bhliain 2021, leithdháileadh €14 mhilliún le haghaidh bearta a dtabharfadh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta fúthu chun tailte móna a chaomhnú, a bhainistiú agus a athchóiriú. Chuir an Scéim um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú agus Clár LIFE an Aontais Eorpaigh[2] araon uasoiliúint ar oibrithe, agus roinnt tionchar fostaíochta a rabhthas ag súil leo á maolú, ról idirthréimhseach á sholáthar agus saolré na fostaíochta á cothú go dtí an críochnú sceidealaithe sa bhliain 2024. I gcás portaigh ardaithe chosanta, tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ag cur dlús lena clár athchóirithe le blianta beaga anuas. Ón mbliain 2018 go dtí seo, cuireadh bearta athchóirithe i gcrích ar thart ar 4000 heicteár de phortaigh ardaithe ainmnithe, agus leas á bhaint as cistiú méadaithe agus as acmhainní méadaithe. Is athshlánaithe anois ag an Scéim um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú atá 8,483 heicteár (lár mhí an Mheithimh 2022), agus ní bheidh sé ar fáil le haghaidh úsáid tráchtála. Is ar siúl nó beartaithe don bhliain 2022 agus ina diaidh atá tuilleadh oibreacha ar Limistéir Speisialta Chaomhantais is portaigh ardaithe agus ar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta is portaigh ardaithe. Déanfar na hoibreacha sin trí chláir de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus trí thionscadail de chuid Chlár LIFE an Aontais Eorpaigh amhail an tionscadal 'Tailte Móna agus Daoine'. Cabhróidh na hiarrachtaí athshlánaithe agus athchóirithe sin le hÉirinn an sprioc náisiúnta caomhantais atá againn a bhaint amach, rud a bhfuil sé i gceist leis portaigh ardaithe sa ghréasán a thabhairt ar ais chuig stádas caomhantais fabhrach. Ní dhearna an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra laghduithe sna tosca taobh thiar d'astaíochtaí a ríomh go fóill maidir leis an gclár seo um athchóiriú luathaithe toisc go bhfuil an obair ar siúl faoi láthair.

- Tacaíodh leis an *Tionscadal Tailte Móna agus Daoine* trí chistiú ab fhiú €10 milliún a tugadh ó Chlár LIFE an Aontais Eorpaigh do chuibhreannas a raibh Bord na Móna i gceannas air chun Ionad Barr Feabhais réigiúnach um Eolas Tailte Móna, Luasaire um Aistriú Cóir, an bithgheilleagar san áireamh, darb ainm Accelerate Green, atá ceaptha chun tacú le forbairt fiontar sa réigiún, agus Ní tumtha is Díol Spéise Fionnachtana do Dhaoine a fhorbairt faoi Chlár Tailte Móna agus Daoine Chlár LIFE an Aontais Eorpaigh. Tá sé beartaithe ag an tionscadal seo na tosca atá taobh thiar d'astaíochtaí a mheas

[2] Ionstraim cistiúcháin an Aontais Eorpaigh le haghaidh gníomhú ar son an chomhshaoil agus na haeráide

tuilleadh le haghaidh sraith mhéadaithe gnáthóg réitithe. Fuair ocht gcuideachta tacaíocht ó Accelerate Green sa bhliain 2022 trí uirlisí, comhairle agus meantóireacht a fháil agus iad ag aistriú chuig geilleagar glas.

- Chun aghaidh a thabhairt ar an acmhainn san earnáil iarfheistithe, seoladh scéim ráthaíochta iasachta iarfheistithe faoin bPlean Náisiúnta um Theacht Aniar agus Téarnamh agus faoi chlár Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Mar shampla, cistítear Clár Gníomhaíochta Scileanna Glasa SOLAS tríd an bPlean Náisiúnta um Theacht Aniar agus Téarnamh do na blianta 2021 agus 2022. Tá sé beartaithe tógáil air sin trí CSE+ ar é a chur i gcrích, agus modúil scileanna glasa sa todhchaí á soláthar mar chuid de chúrsaí gairmoiliúna a sholáthrófar trí SOLAS agus trí na Boird Oideachais agus Oiliúna, le cistiú ó CSE+ ón mbliain 2023 i leith. Tá an Roinn Coimirce Sóisialaí, SOLAS agus Foireann Aistrithe Réigiúnach an Láir Tíre ag obair le chéile chun tacaíocht fostaíochta a sholáthar d'oibrithe a bhfuil tionchar ag an deireadh atá á chur de réir a chéile le táirgeadh breoslaí iontaise sa Lár Tíre orthu. Tá sé sin comhdhéanta go dtí seo de sheisiúin rannpháirtíochta, d'aontaí post agus de dheiseanna oideachais, athoiliúna agus fostaíochta, a bhfuil an chuid is mó díobh bainteach leis an earnáil fuinnimh inathnuaite. Sholáthair na Boird Oideachais agus Oiliúna ábhartha tacaíocht gairme ar bhonn duine le duine d'fhostaithe de chuid Bhord na Móna a bhfuil tionchar orthu. Caitheadh breis agus €800,000, a cistíodh trí Chiste Sóisialta na hEorpa agus tríd an gCiste Náisiúnta Oiliúna, chun tacú le hathoiliúint i réimsí éagsúla, lena n-áirítear TF, iarfheistiú agus talmhaíocht inbhuanaithe, agus chun cúrsaí in úsáid dumpairí, tochaltóirí agus láimhseálaithe teileascópacha a sholáthar.

- Bunaíodh an Ciste Náisiúnta um Aistriú Cóir sa bhliain 2020 chun tacú le tionscadail nuálacha lena rannchuideofar le hinbhuanaitheacht gheilleagrach, shóisialta agus comhshaoil mhór-réigiún an Láir Tíre agus a mbeidh acmhainneacht fostaíochta agus fiontraíochta ag gabháil leo. Tá sé sin ag tacú le 56 thionscadal nuálacha. Áirítear leo sin 16 thionscadal ar cuireadh tús leo i mí Mheán Fómhair 2020 agus 40 tionscadal a bhfuil luach níos mó ag gabháil leo agus ar cuireadh tús leo i mí an Mheithimh 2021. Tá trí thosaíocht ag an gCiste:

1. Tacaíocht fostaíochta agus fiontar: chun tacú le nuálaíocht agus le hinfheistíocht tograí chun fostaíocht inbhuanaithe a ghiniúint i bhfiontair ghlasa.

2. Tacaí oiliúna: chun athoiliúint a chur ar oibrithe agus chun scileanna nua a theagasc

dóibh chun cabhrú le pobail áitiúla agus gnólachtaí áitiúla i mór-réigiún an Láir Tíre dul in oiriúint don aistriú ísealcharbóin. Bunaíodh *Tacaíochtaí Fostaithe Bhord na Móna: Tionscadal Oiliúna agus Uas-scilithe* faoin gCiste sin freisin chun leanúint leis an obair a tosaíodh tar éis dhúntaí na ngléasraí móna sa bhliain 2020 chun oibrithe a ullmhú agus a uas-sciliú le haghaidh conairí eile gairme.

3. Tacaíochtaí aistrithe pobail: chun tacú le cumarsáidí réamhghníomhacha le pobail a bhfuil tionchar orthu agus le geallsealbhóirí eile sa réigiún, chun líonraí comhroinnte dea-chleachtas a bhunú agus chun cabhrú le pleananna áitiúla aistrithe a fhorbairt.

2.2 Riachtanais agus cuspóirí forbartha faoin mbliain 2030 i bhfianaise geilleagar aeráidneodrach an Aontais a bhaint amach faoin mbliain 2050

Rannchuideoidh Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir le héagsúlú agus nua-aoisiú na Críche trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha seo a leanas.

1. An Timpeallacht Ghnó a Bhreisiú agus Deiseanna Fostaíochta a Chruthú

Comhlánófar tionscnaimh náisiúnta le Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, agus an bonn geilleagrach á leathnú ina earnálacha a sainaithníodh sa Straitéis um Speisialtóireacht Chliste agus i dtuarascáil an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach. Áireofar leis na tionscnaimh sin tionscnaimh fuinnimh ghlain a bheidh spriocdhírithe ar oibrithe móna agus ar a bpobail áitiúla, agus roghanna malartacha atá inláimhsithe agus níos inbhuanaithe á dtairiscint do na 24,000 duine a bhíonn ag taisteal amach as an gCríoch gach lá le haghaidh oibre nó staidéir. Tacaítear le fiontair tríd an gCiste Forbartha Fiontar Réigiúnach trí naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnacha a chur chun feidhme. Táthar ag tacú le seacht dtionscadal straitéiseacha sa Chríoch cheana féin tríd an gciste, agus ceaduithe deontais is fiú thart ar €8m ann ó bhí an bhliain 2017 ann. Is é an toradh a bheidh ar an gCiste nua um an Aistriú Glas ná go gcabhrófar le gnólachtaí samhlacha gnó ísealcharbóin a chur chun feidhme. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ag cistiú roinnt tionscadal taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis an mbithgheilleagar chun forbairt a dhéanamh ar an mbunachar eolais agus na haschuir thaighde a bheidh oiriúnach do thástáil, do scálú agus do thaispeáint. Le Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, fiosrófar na deiseanna atá ann le haghaidh treoirthionscnaimh nuálacha don gheilleagar ciorclach agus don bhithgheilleagar sa réigiún.

Trí thacú le hathléimneacht áitiúil fhadtéarmach, cothófar idirghabhálacha Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, agus fás inbhuanaithe inghiniúil á bhrú chun cinn, chun tacaíocht a thabhairt do phobail mhóna a mbeidh tionchar orthu trí fhorbairt gheilleagrach, agus an oidhreacht thionsclaíoch agus cobhsaíocht pobail á gcothabháil ag an am céanna. Sainaithnítear i Straitéis na hÉireann um Speisialtóireacht Chliste gurb iad an miondíol agus an turasóireacht na hearnálacha is déine ó thaobh na fostaíochta de sa tír, go háirithe i limistéir thuaithe amhail an Chríoch seo. Le Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, tacófar le fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus ailíniú agus comhlánú á ndéanamh ar Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha, ar Phleananna Fiontraíochta Réigiúnacha, ar straitéisí turasóireachta réigiúnacha, ar an ráiteas beartais náisiúnta faoin mbithgheilleagar agus ar thacaíochtaí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a sholáthraítear trí na hOifigí Fiontair Áitiúil. Is fearr tionscnaimh atá faoi stiúir ag geallsealbhóirí maidir le tosaíochtaí a shainaithint le haghaidh infheistíochtaí sa chaipiteal daonna, agus cumhachtófar an colún pobail agus an colún sóisialta le Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir trí fhiontair bheaga, fiontair mheánmhéide agus fiontair shóisialta a chistiú.

2. An Phróifíl Scileanna a Bhreisiú

Mar atá tuairiscithe thuas, is amhlaidh, faoi Idirghabhálacha Reatha an Rialtais/an Aontais Eorpaigh, atáthar ag glacadh cur chuige réamhghníomhach i leith soláthar scileanna d'oibrithe de chuid Bhord na Móna a bhfuil tionchar orthu, agus tacaíochtaí suntasacha a bheith á soláthar don chohórt sin. Tá scileanna earnála don gheilleagar glas á gcistiú trí *Chlár Scileanna Glasa* SOLAS. Le Gníomh 1.3 de Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Láir Tíre, tacaítear leis na tograí ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa réigiún le haghaidh *Treoirthionscadal Náisiúnta um Inbhuanaitheacht agus Ionad Barr Feabhais Tuaithe* sa Chríoch. Is bunsprioc inghnóthaithe í sin de straitéis SOLAS don earnáil Breisoideachais agus Oiliúna agus ní bheidh sí ag brath ar thacaíocht ó Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir.

Luaigh freagraithe ar an gcomhairliúchán gur príomhdhúshlán a bhfuil aghaidh le tabhairt air fós é an t-iompar áitiúil atá ar fáil do phobail a bhfuil tionchar orthu chuig deiseanna réigiúnacha oiliúna atá ann cheana. Agus tacaíocht á fáil aige ón gCiste Náisiúnta um Aistriú Cóir, soláthrófar tacaíocht uas-scilithe agus athoiliúna d'fhostaithe le *Tionscadal Tacaíochtaí Oiliúna Fostaithe Bhord na Móna*. Gné eile den tionscadal is ea gairmthreoir. Tá sé beartaithe go mbainfear leas as tosaíochtaí Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir freisin chun tacú le tacair sainscileanna sonracha a fhorbairt sa Chríoch i réimsí amhail an bithgheilleagar, athshlánú bogaigh agus forbairt clárchosán agus rianta ar thailte athshlánaithe.

3. Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus an Oidhreacht Thionsclaíoch a Chur Chun Cinn

Tá dúshláin chomhshaoil áirithe ag baint le spleáchas traidisiúnta na Críche ar an tionscal móna. Tá acmhainní agus sócmhainní comhshaoil ag an gCríoch freisin, ar tugadh cosaintí do roinnt mhaith díobh faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an creat Natura 2000. Taispeánann sócmhainní éiceolaíocha amhail Sliabh Bladhma conas is féidir le tailte portaigh, má athchóirítear iad, ról tábhachtach a imirt i gceapadh carbóin, ag cúiteamh thionchair ghníomhaíocht an duine a chuir isteach ar an-chuid de bhonn acmhainní éiceolaíocha na Críche agus a d'ídigh í. Sa tuarascáil a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta sa bhliain 2021 dar teideal 'Addressing Employment Vulnerability as Part of a Just Transition in Ireland', luadh an tábhacht a bhaineann le comhthéacs stairiúil agus tionsclaíoch áiteanna agus pobal a aithint i bpróiseas aistrithe chóir. Láithreán eiseamláireach lena ngabhann inbhuanaitheacht chomhshaoil, an oidhreacht thionsclaíoch, deiseanna geilleagracha nua agus taitneamhachtaí áineasa feabhsaithe is ea Loch na Buaraí. Aistríodh é ó bhreis agus 1,000,000 tona de mhóin a sholáthar gach bliain ina thearmann don fhiadhúlra agus ina phríomhní is díol spéise áineasa lasmuigh atá comhdhéanta de shiúláin, de raonta rothar, d'ionad cuairteoirí agus do dhealbha, agus iad spreagtha ag oidhreacht thionsclaíoch na háite. Le Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, saothrófar deiseanna den sórt sin le haghaidh téarnaimh, le haghaidh athrú úsáidí talún agus le haghaidh athnuachana lena gcaomhnófar oidhreacht shaibhir na Críche, agus féiniúlacht láidir pobail móna agus ómós áite á gcothabháil ag an am céanna.

Bainfear leas as tacaíochtaí chun spriocdhíriú ar fheabhas a chur ar stádas na ngnáthóg cosanta díghrádaithe, rud lena dtacófar le haidhmeanna náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh i leith na bithéagsúlachta/na haeráide agus lena dtreiseofar gníomhaíocht gheilleagrach ag an am céanna, agus díriú á leagan ar chonraitheoirí beaga agus meánmhéide. Trí athoiliúint agus breisoiliúint a sholáthar, is féidir cur ar chumas iaroibrithe móna obair athchóirithe a dhéanamh agus taitneamhachtaí amhail clárchosáin a thógáil, nuair is cuí, agus naisc dhearfacha á gcruthú idir idirghabhálacha agus a bpobail. Maidir le gníomhaíochtaí comhlántacha lena mbaineann rannpháirtíocht an phobail, gníomhaíochtaí oideachais/feasachta agus soláthar taitneamhachtaí, spreagfar pobail leo chun leas a bhaint as portaigh le haghaidh úsáidí inbhuanaithe nua agus ní mar fhoinsí breoslaí iontaise.

4. Cur le hacmhainneacht an réigiúin mar áit chun cónaí, obair agus infheistiú ann agus chun cuairt a thabhairt air

Mar thoradh ar an aistriú, tá gá ann sa Chríoch le réitigh iompair áitiúil a bheidh iontaofa agus glan agus lena nascfar daoine chuig níos mó deiseanna le haghaidh obair agus

oiliúint/athoiliúint a fháil, gnó a dhéanamh, bualadh le daoine eile agus cuairt a thabhairt. Sainaithníodh san anailís ar chistigh an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach í, agus go háirithe sa chomhairliúchán leis an óige, gur fadhb í soghluaisteacht áitiúil inbhuanaithe do phobail a bhfuil tionchar orthu. Leagadh béim leis sin ar an ngá le bonneagar iompair áitiúil a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de a sholáthar chun tacú le fostaíocht inbhuanaithe agus le rochtain ar mhoil nuálaíochta/chianoibre agus ar dheiseanna oiliúna agus oideachais sa Chríoch. Bíonn limistéir faoi líon beag daoine den sórt sin atá lonnaithe lasmuigh de na príomh-lárionaid uirbeacha ag brath go mór ar iompar príobháideach pearsanta, agus spleáchas níos mó ann ar bhreoslaí iontaise agus glacadh níos ísle ann le feithiclí leictreacha. Cuid bhunriachtanach de chur ar chumas na saoránach sa Chríoch aistriú chuig roghanna iompair astaíochtaí nialasacha is ea aistriú a dhéanamh i dtreo iompar astaíochtaí nialasacha agus gréasán éifeachtach iontaofa luchtaithe a bheith ann le haghaidh feithiclí leictreacha. Leagtar béim láidir i bPlean Fiontraíochta Réigiúnach an Láir Tíre ar úsáid taitneamhachtaí agus áineasa, agus ar an acmhainneacht le haghaidh turasóireacht inbhuanaithe agus rianta straitéiseacha a fhorbairt, chun leas a bhaint as an acmhainneacht athghiniúnach agus tráchtála atá le fáil sa Chríoch. Bíonn beogacht réigiúnach agus athléimneacht réigiúnach don chéad ghlúin eile i bpobail mhóna ag brath ar oibrithe oilte óga a choinneáil agus a mhealladh. Is cuid bhunúsach d'aistriú rathúil é sin. Is é an toradh a bheidh ar naisc fheabhsaithe inbhuanaithe iompair phoiblí áitiúil ná go méadófar iomaíochas geilleagrach, agus áiteanna níos fearr chun obair agus cónaí iontu á gcruthú do na pobail a bhfuil tionchar orthu.

2.3 Chomhsheasmhacht le straitéisí agus pleananna ábhartha náisiúnta, réigiúnacha nó críochacha eile

An Straitéis Náisiúnta um Speisialtóireacht Chliste don Nuálaíocht 2022-27 (S3)

Tá S3 ag teacht le *Tionchar 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann* agus díreofar inti ar rath fiontar a bhrú chun cinn trí thaighde atá faoi stiúir ag fiontair, trí ghnólachtaí nuathionscanta forbartha agus nuálaíochta, trí iomaíochas, trí tháirgiúlacht agus trí ardfheidhmíocht gheilleagrach, rud a rannchuideoidh le hathléimneacht gheilleagrach agus shochaíoch na hÉireann agus lena bunathrú geilleagrach agus sochaíoch chun feabhais. Thaispeáin an Chríoch go bhfuil cumais aici i bpróisis mhonaraíochta agus i dteicneolaíochtaí monaraíochta, lena n-áirítear saoráid Irish Manufacturing Research (IMR), cláir acadúla/oiliúna Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (Baile Átha Luain) agus Cnuasach Engenuity Engineering. Ar na hearnálacha a bhfuil ardchumas fostaíochta agus nuálaíochta acu sa Chríoch tá an earnáil ardmhonaraíochta, an earnáil closamhairc/chruthaitheach, an earnáil

bithgheilleagair/fuinnimh inathnuaite, an earnáil bithchógaisíochta, an earnáil eolaíochtaí beatha, an earnáil seirbhísí airgeadais/teicneolaíocht airgeadais, an earnáil bia/teicneolaíocht talmhaíochta agus an earnáil teicneolaíocht faisnéise. Luaitear in S3 na deiseanna atá ann le hacmhainn shuntasach a fhorbairt sa Gheilleagar Ísealcharbóin agus tá sé i bhfabhar tionscnamh turasóireachta, á lua gur gineadóirí tábhachtacha fostaíochta d'Éirinn, agus go háirithe do láithreacha tuaithe, iad an earnáil Miondíola agus an earnáil Turasóireachta. Tugtar tacaíocht in S3 do na spriocanna atá leagtha amach in *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann – Beartas Forbartha Tuaithe* 2021-2025 tríd an leas is mó a bhaint as ár gcuid acmhainní agus láidreachtaí sa Gheilleagar Glas chun tacú le deiseanna fostaíochta do phobail tuaithe i réimsí amhail fuinneamh inathnuaite, turasóireacht inbhuanaithe, iarfheistiú fuinnimh, an Bithgheilleagar agus an Geilleagar Ciorclach.

Beartas Forbartha Tuaithe: Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann 2021-2025

Tá na dúshláin agus na deiseanna a bheidh os comhair cheantair thuaithe na hÉireann sa todhchaí comhsheasmhach le patrúin dhomhanda, agus iad á mbrú chun cinn ag treochtaí amhail daonraí a bhíonn ag aosú, an t-uirbiú, teacht chun cinn geilleagar éiritheach, an t-athrú aeráide, brúnna comhshaoil, domhandú méadaithe, agus fionnachtana teicneolaíochta. Tá Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir ag teacht leis an mbeartas sin, á chinntiú go mbeidh pobail mhóna in ann leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag baint a n-acmhainneachta amach trí athléimneacht a thógáil agus trí idirghabhálacha a sholáthar le haghaidh fás inbhuanaithe.

An Ráiteas Beartais Náisiúnta faoin mBithgheilleagar

Is é fís an Rialtais go mbeimis chun tosaigh ar an gcuid eile den domhan sa bhithgheilleagar, ag dul níos faide ná díriú ar chomhlíonadh agus ar mhaolú carbóin agus i dtreo forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a chomhtháthú isteach inár samhail gheilleagrach de réir mar a aistrímid chuig geilleagar ísealcharbóin agus ciorclach.

Tá Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir ag teacht leis sin trí bhithchiorclaíocht a chur chun cinn trí shainaithint, measúnú agus cothromú a dhéanamh ar spriocanna beartais maidir leis an ngníomhú aeráide, leis an nuálaíocht, le forbairt tuaithe agus inbhuanaithe, le rathúnas agus leas agus le húsáidí iomaíocha talún agus bithmhaise chun an leas is mó a bhaint as acmhainní, as táirgí, as próisis agus as seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí éiceachórais, bíodh siad ábhartha (bia, snáithín, ábhair bhithbhunaithe, fuinneamh) nó neamhábhartha (aer glan, uisce glan, an bhithéagsúlacht, oiriúnú don athrú aeráide agus é a mhaolú, áineas). Cinnteofar leis an gcur chuige sin gur leis na gníomhaíochtaí a dtabharfar tacaíocht dóibh a thabharfar aird

ar theorainneacha éiceolaíocha áitiúla, a dhéanfar seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a chosaint agus a bhreisiú agus a thaispeánfar acmhainneacht na réiteach bithbhunaithe i ndáil leis an bhfeidhmíocht aeráide agus comhshaoil agus leis an gciorclaíocht.

Daoine, Áit agus Beartas: Turasóireacht a Fhás go 2025 – Straitéis Turasóireachta Réigiúnaí do Chroíthailte Folaithe na hÉireann 2022-2026

Cuid dhílis de straitéis gheilleagrach fhoriomlán na hÉireann is ea an turasóireacht, agus tá sé mar aidhm leis an Straitéis Turasóireachta dar teideal *Daoine, Áit agus Beartas: Turasóireacht a Fhás go 2025* an méid a rannchuidíonn an turasóireacht leis an ngeilleagar ar fud phobail na háite a mhéadú. Forghníomhaítear an Straitéis seo trí bhrandaí réigiúnacha eispéiris agus trí straitéisí (Na Croíthailte Folaithe 2022-2026 agus Sean-Oirthear na hÉireann 2022-2026 le haghaidh Chríocha Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir) a bhfuil mar aidhm leo tionchar geilleagrach na turasóireachta a mhéadú, ar dá bharr a bheidh an Chríoch ar cheann de na cinn scríbe turasóireachta athghiniúnaí is mó san Eoraip.

Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha

Ghlac na trí thionól réigiúnacha in Éirinn Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach 12 bhliain dá gcuid féin. Leagtar amach inti na beartais fhadtéarmacha spáis, eacnamaíochta agus aeráide don réigiún go dtí an bhliain 2030. Cumhdaítear Contae Laoise, Contae an Longfoirt, Contae Uíbh Fhailí, Contae na hIarmhí agus Contae Chill Dara leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Cumhdaítear Contae na Gaillimhe agus Contae Ros Comáin leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ó Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair. Cumhdaítear Contae Thiobraid Árann leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt. Cuid dhílis de gach ceann díobh is ea forbairt gheilleagrach, gníomhú aeráide agus feabhas a chur ar cháilíocht na beatha, rud atá ag teacht le cuspóir cinnte aonair Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir.

Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha

Forbraíonn geallsealbhóirí réigiúnacha na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha, ina ndírítear ar thionscnaimh chomhoibríocha chun fás fiontar agus cruthú post a bhaint amach. Comhlánaíonn na pleananna ‘ó bhun aníos’ sin na príomhstraitéisí de chuid na nGníomhaireachtaí Fiontraíochta, na nOifigí Fiontair Áitiúil agus na ngníomhaireachtaí eile a bhfuil baint acu le forbairt fiontar a chur ar aghaidh agus tógann siad ar na príomhstraitéisí sin, agus iad ag iarraidh breisluach agus tionchar méadaithe a ghiniúint. Tá an Plean Críochach um Aistriú Cóir

ag teacht le cuspóirí straitéiseacha Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Láir Tíre (Laois, an Longfort, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí), le Plean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair (Gaillimh agus Ros Comáin) agus le Plean Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair Láir (Tiobraid Árann) go dtí an bhliain 2024.

Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail

Féachfaidh Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir le tacú le cur chun feidhme na bPleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail reachtúla laistigh den Chríoch, áit a mbeidh na hidirghabhálacha ag teacht leis na cuspóirí de chuid Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir arb é atá iontu aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, fostaíochta, eacnamaíocha agus chomhshaoil an aistrithe. Tá Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail nua á bhforbairt faoi láthair agus cumhdófar tréimhse sé bliana leo. Meastar go mbeidh siad i bhfeidhm sa bhliain 2023, agus breac-chuntas á thabhairt iontu ar na cuspóirí agus na gníomhartha a theastaíonn chun an fhorbairt gheilleagrach, áitiúil agus pobail a bheidh á déanamh ag údaráis áitiúla ina n-aonar agus a bheidh á déanamh acu i gcomhpháirt le geallsealbhóirí eile forbartha geilleagraí agus pobail a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh. Is iad Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail an príomhshásra ar an leibhéal áitiúil le haghaidh na gníomhartha ábhartha a eascraíonn as straitéisí agus beartais náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil sainchúram áitiúil orthu a chur ar aghaidh. Chuige sin, ba cheart na Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail a úsáid chun tógáil ar chuspóirí na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnacha agus na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha. Beidh na Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail ina réamhriachtanas criticiúil, agus iad a bheith ina gcreat ar leibhéal an údaráis áitiúil, le haghaidh cláir nua agus le haghaidh cistiú nua, lena n-áireofar Cistiú um Aistriú Cóir i réimsí ábhartha.

An tIompar

Tá an beartas náisiúnta i bhfabhar aistriú i dtreo flít iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha agus tá gníomhartha iompair beartaithe Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir ag teacht leis na pleananna agus straitéisí náisiúnta éagsúla a bhfuil mar aidhm leo seirbhísí iompair inbhuanaithe agus phoiblí a bhreisiú sa Chríoch, lena n-áirítear an *Plean Soghluaisteachta Tuaithe 'Éire a Nascadh', an Beartas maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, an Plean Gnímh don Aeráid 2021, Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, Clár Iompair Tuaithe Nasc Áitiúil TFI* agus an *Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais*. Dírítear i Sprioc 2 den *Phlean Gníomhaíochta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe 2022-2025* ar dhícharbónú an iompair phoiblí áitiúil agus áirítear léi Gníomh 8 (luchtú feithiclí leictreacha) agus Gníomh 15 (busanna

Naisc Áitiúil a dhícharbónú). Le cistiú ó Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, cumasófar dlús a chur le tionscadail a chur chun feidhme, arb é an toradh a bheidh air ná go soláthrófar naisc áitiúla níos fearr sa Chríoch agus go nascfar níos mó daoine chun rochtain a fháil ar dheiseanna le haghaidh obair, oiliúint, athoiliúint agus gnó a dhéanamh sa Chríoch.

2.4 Na cineálacha oibríochtaí atá beartaithe

Saothrófar cuspóirí Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir ar aon dul leis an gcuspóir atá ann forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, mar atá leagtha amach in Airteagal 11 CFAE, agus aird á tabhairt ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ar Chomhaontú Pháras agus ar an bprionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh". Ar na cúiseanna atá leagtha amach i Rannáin 1 agus 2 den Phlean Críochach um Aistriú Cóir, úsáidfear Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir chun tionchair aistrithe a mhaolú, chun cabhair a thabhairt do na pobail a mbeidh tionchar díreach orthu agus chun tacú leis an aistriú ar fud na Críche. Déanfar bonn geilleagrach na Críche a éagsúlú agus a nuachóiriú mar thoradh ar na hoibríochtaí seo a leanas, a shaothrófar trí thrí thosaíocht chomhlántacha.

Tosaíocht 1: Fostaíocht a ghiniúint le haghaidh iarphobail mhóna trí infheistíocht a dhéanamh sa gheilleagar áitiúil a éagsúlú

Oibríochtaí:

- Lena gcothaítear éagsúlú geilleagrach na Críche de chuid Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir trí thacú le hinfheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (lena n-áirítear micrifhiontair agus gnólachtaí nuathionscanta), le fiontraíocht agus le hinfheistíochtaí i ngnólachtaí nua a chruthú, go háirithe in earnálacha ísealcharbóin, geilleagair chiorclaigh agus bithgheilleagair atá ag teacht chun cinn, agus trí sheirbhísí a sholáthar do ghnólachtaí.

- Lena dtacaítear le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus áitiúil/pobail laistigh de limistéir ábhartha Údaráis Áitiúil trí straitéisí forbartha áitiúla agus réigiúnaí a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta an aistrithe.

- Lena n-infheistítear i ngníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha, i ngníomhaíochtaí comhair agus i ngníomhaíochtaí taispeána lena rannchuidítear le geilleagar ciorclach na Críche a fhorbairt, lena n-áirítear an bithgheilleagar. Áireofar leis sin gníomhaíochtaí amhail cumarsáid, comhordú agus ailíniú leis an oideachas, leis an oiliúint agus le scileanna a chumasú chun tacú le hinfheistíochtaí táirgiúla i ngníomhaithe ábhartha i bpríomhearnálacha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide agus an lucht tionscail, chun samhlacha gnó, luachshlabhraí, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt trí chur chuige ilearnála a ghlacadh.

Tosaíocht 2: Tacú le tailte móna díghrádaithe a athchóiriú agus a athshlánú agus le

sócmhainní oidhreachta tionsclaíche a athghiniúint agus a chur in oiriúint d'fheidhmeanna eile

Is féidir go n-áireofar iad seo a leanas leis na gníomhaíochtaí a dtacófar leo:

- Bearta ullmhúcháin amhail staidéir indéantachta agus dheartha, lena n-áirítear pleananna athchóirithe/athshlánúcháin agus pleananna gníomhaíochta.
- Gníomhaíochtaí caidrimh le geallsealbhóirí, a bhféadfadh idirbheartaíocht le húinéirí talún (lena n-áirítear íocaíochtaí dreasachta agus/nó ceannach talún) a bheith i gceist leo.
- Bearta a chur chun feidhme chun athchóiriú agus athshlánú tailte móna díghrádaithe a chumasú, agus chun faireachán a dhéanamh ar an obair sin, ar fud roinnt láithreán tionscadail, lena n-áirítear eanaigh, portaigh ardaithe agus cineálacha eile talún móna.
- Gníomhaíochtaí taighde, gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus gníomhaíochtaí faireacháin a dhéanamh ar ithreacha athfhliuchta chun cleachtais inbhuanaithe bhainistíochta talún a shainaithint chun astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa a chothabháil agus chun tacú leis an mbithéagsúlacht nuair a dhéantar feirmeoireacht i ndálaí fliucha. Áireofar leis na bearta athghiniúna agus na bearta athraithe cuspóra a chuirfear chun feidhme infheistíochtaí i sócmhainní oidhreachta tionsclaíche atá ann cheana a uasghrádú ar mhaithe leis an taitneamhacht agus infheistíochtaí i sócmhainní nua taitneamhachta amhail iad seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: bealaí siúil; raonta rothar; comharthaí/cláir fógraí; suíochánra; clárchosáin; agus droichid phortaigh.
- Gníomhaíochtaí oideachais, gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus gníomhaíochtaí caidrimh leis an bpobal lena léirítear tairbhí na mbeart athchóirithe don mhórphobal.

Leis na gníomhartha sin, comhlánófar na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoi Thosaíocht 1 trí fhostaíocht a sholáthar do na hoibrithe agus na pobail a bhfuil tionchar orthu agus tríd an gCríoch a dhéanamh ina háit níos tarraingtí chun cónaí agus obair ann agus chun cuairt a thabhairt air. Trí chuairteoirí a mhealladh chuig an gCríoch trí thaitneamhachtaí den chéad scoth agus tírdhreacha athchóirithe a sholáthar, tacófar le fiontair bheaga agus mheánmhéide atá nua agus atá ann cheana araon trí mhargadh a chruthú le haghaidh earraí agus seirbhísí breise. Beidh saineolas oibrithe agus conraitheoirí a raibh ról acu i mbaint móna roimhe sin ag teastáil le linn na n-oibreacha athfhliuchta agus athchóirithe. Toradh eile a bheidh ar na gníomhaíochtaí taighde, na gníomhaíochtaí oideachais, na gníomhaíochtaí caidrimh leis an bpobal agus na gníomhaíochtaí aistrithe eolais is féidir a dhéanamh faoin tosaíocht seo is ea go méadófar bonn scileanna na bpobal a bhfuil tionchar orthu, rud a chuirfidh leis an acmhainneacht atá ann tabhairt faoi ghníomhaíochtaí táirgiúla breise.

Tosaíocht 3: Roghanna soghluaisteachta cliste agus inbhuanaithe a thabhairt d'iarphobail mhóna chun cur ar a gcumas tairbhe dhíreach a bhaint as an aistriú glas

Cuirfear feabhas ar shoghluaisteacht inbhuanaithe agus ghlan laistigh den Chríoch trí thacú leis an iompar áitiúil a dhícharbónú ar mhaithe le réitigh ghlana a sholáthar do na daoine a bhíonn ag obair, ag tabhairt faoi oiliúint nó athoiliúint agus ag déanamh gnó sa Chríoch de chuid Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir. Áireofar an cineál gníomhaíochtaí seo a leanas leis sin:

- Bealaí bus poiblí, áitiúla agus tuaithe a dhícharbónú, lena n-áirítear cleachtaí scóipe a dhéanamh, pointí luchtaithe leictrigh a shuiteáil, agus busanna leictreacha a cheannach.
- Tacaíocht a thabhairt d'oibritheoirí bus príobháideacha laistigh den Chríoch aistriú chuig feithiclí leictreacha, lena n-áirítear tacaíocht maidir le comhairleacht agus maidir le gnéithe sonracha de leictriúchán.
- Bonneagar pointí mearluchtaithe ardchumhachta atá ar fáil go poiblí a shuiteáil ag láithreáin ionad pobail, lena n-áirítear tacaíocht maidir le comhairleacht, maidir le hobair bonneagair (obair shibhialta agus leictreach) agus maidir leis an trealamh riachtanach a cheannach, agus bearta gaolmhara suiteála.

Tá ríthábhacht ag baint leis an tosaíocht seo maidir le rath Thosaíocht 1 a chinntiú, á chinntiú go mbeidh pobal na Críche in ann poist agus oiliúint a rochtain chun gur féidir leis páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éagsúlaithe gheilleagraigh agus pobail. Mar thoradh ar na gníomhartha a dtacófar leo faoin Tosaíocht seo, forbrófar pobail níos athléimní trí iad a chumasú roghanna soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha a ghlacadh níos luaithe, rud a thabharfaidh d'oibrithe rochtain níos fearr ar phoist agus ar dheiseanna oiliúna agus oideachais sa limistéar áitiúil. Trí réitigh áitiúla iompair inbhuanaithe a sholáthar, cruthófar naisc níos fearr idir bailte, moil chianoibre agus institiúidí oideachais laistigh den Chríoch, agus freastal níos fearr á dhéanamh ar fhostaithe ag an am céanna.

Cuirfear feabhas ar an ngeilleagar réigiúnach mar thoradh ar an éagsúlú geilleagrach a dhéanfar trí na trí thosaíocht chomhlántacha sin, rud a thabharfaidh aghaidh ar an díothacht atá ann cheana agus ar bhánú na tuaithe agus a chuirfidh an Chríoch ar an mbealach i dtreo geilleagar níos éagsúla agus níos athléimní a bhaint amach atá bunaithe ar aeráidneodracht.

Comhlántachtaí le cláir ábhartha eile an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha shainaitheanta

Tugadh aird ar leith ar scrúdú a dhéanamh ar na sineirgí agus na comhlántachtaí féideartha idir an ciste seo agus cistí eile agus ar aon fhorluí idir idirghabhálacha agus dúbailt cistiúcháin a

chosc. Tá sineirgí féideartha soiléire ann idir tacaí Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, tosaíochtaí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT). Leis an tacaíocht ó Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, comhlánófar tosaíochtaí CFRE maidir le réigiúin níos cliste agus níos iomaíche a fhorbairt agus maidir le réigiúin níos glaise agus níos fuinneamhéifeachtúla a chruthú. Comhlánófar tacaí CFRE le gníomhaíochtaí áitiúla geilleagracha agus pobail in earnálacha atá ábhartha don Chríoch.

Leis an gCiste um Aistriú Cóir, comhlánófar freisin bearta CFRE atá ann cheana amhail an Scéim um Fhuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo, ar scéim chomhchistithe í lena dtairgtear uasghráduithe fuinnimh saor in aisce d'úinéirí tí incháilithe atá sa bhaol is mó tearcrochtain fuinnimh a fhulaingt. Tacaíodh le 145,000 uasghrádú saor in aisce faoin scéim ó bhí an bhliain 2000 ann.

Tá an díriú a leagtar ar an bhfostaíocht agus ar scileanna faoi CSE+ ag teacht leis an gcuspóir atá ag Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta an aistrithe. Beidh an tacaíocht scileanna agus oiliúna a sholáthrófar faoi Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir dírithe orthu sin ar imir an t-aistriú an tionchar is mó orthu in earnálacha a bhfuil ábharthacht shonrach ag baint leo maidir leis an bpróiseas um aistriú cóir, amhail athchóiriú talún.

Tá tosaíochtaí an Phlean Náisiúnta um Theacht Aniar agus Téarnamh maidir leis an aistriú glas a chur ar aghaidh agus maidir le téarnamh sóisialta agus geilleagrach agus cruthú fostaíochta a chothú ag teacht le cuspóirí Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir. Tá an Scéim Fheabhsaithe um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú, lena n-athshlánaítear portaigh ar mhaithe le tairbhí aeráide a sholáthar, á cistiú faoin gCiste Téarnaimh agus Athléimneachta. Tairbhe eile a bhaineann leis an Scéim is ea go gcabhraítear le hoibrithe Bhord na Móna athoiliúint agus uasoiliúint i réimse an athshlánúcháin portaigh. Beidh sineirgí ann idir Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir agus an Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta i ndáil le hathshlánú bogaigh, agus iad dírithe go príomha ar láithreáin Natura 2000 atá suite laistigh den Chríoch. Beidh na sineirgí sin difriúil agus comhlántach leis an tionscadal um athshlánú tailte móna atá á chistiú faoin gCiste Téarnaimh agus Athléimneachta. Cisteofar leis an gCiste Téarnaimh agus Athléimneachta clár fairsing scileanna téarnaimh, lena n-áirítear scileanna glasa, ar fud na hÉireann ar fad. Comhlánófar an obair sin leis an gCiste um Aistriú Cóir trí dheiseanna uasoiliúna a spriocdhíriú ar athchóiriú talún.

Tá Ionad Barr Feabhais réigiúnach um Eolas Tailte Móna, Luasaire um Aistriú Cóir darb ainm Accelerate Green, atá ceaptha chun tacú le forbairt fiontar sa réigiún, agus Ní tumtha is Díol Spéise Fionnachtana do Dhaoine á bhforbairt faoi Chlár Tailte Móna agus Daoine Chlár LIFE an Aontais Eorpaigh. Tá na tacaí a sholáthraítear d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide faoin tuath agus d'athchóiriú bogaigh faoi Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir comhlántach le clár LIFE an Aontais Eorpaigh. Maidir leis na gníomhartha a bhaineann le hathchóiriú bogaigh atá á gcistiú faoin gCiste um Aistriú Cóir, lena n-áirítear bearta athchóirithe agus roinnt gníomhaíochtaí taighde a bhaineann le ceapadh carbóin, is féidir leo luach a chur leis an obair atá ar bun faoi thionscadal LIFE an Aontais Eorpaigh.

Tá forbairt Chóras Eolais agus Nuálaíochta na Talmhaíochta (AKIS) faoi Phlean Straitéiseach CBT na hÉireann comhlántach le Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir. Go háirithe, is féidir leis an réimse tosaíochta dar teideal Tacú le Cineálacha Nuálacha Cur Chuige i leith Talamh a Athghiniúint agus Cuspóir Talún a Athrú nascadh le bearta AKIS a bhaineann le hAistriú Eolais, leis an tSeirbhís Chomhairleach Feirme, leis an gComhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta, agus leis an Líonra Náisiúnta CBT. Is féidir go n-iniúchfar na comhlántachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le misean aeráide Fhís Eorpach.

Athbhreithneofar na hoibríochtaí beartaithe tar éis iad a cheadú, chun a chinntiú go léireofar leo sineirgí agus comhlántachtaí le cláir ábhartha eile an Aontais Eorpaigh faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis (tacú leis an bpróiseas aistrithe) agus faoi ionstraimí airgeadais eile atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha shainaitheanta. Leanfaidh na hÚdaráis Bhainistíochta faoi seach le hiniúchadh a dhéanamh ar na slite inar féidir sineirgí agus comhlántachtaí a fhorbairt tuilleadh idir cláir chistiúcháin an Aontais Eorpaigh le linn a saolré. Déanfaidh siad amhlaidh trí pháirt a ghlacadh i nGrúpa Stiúrtha an Phróisis Comhpháirtíochta, i nGrúpa Oibre an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus i gCoiste Faireacháin an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus trí ionadaíocht fhrithpháirteach a shocrú ar Choistí Faireacháin Cláir.

Comhlántachtaí le tacaíocht bheartaithe ó cholúin eile den Sásra um Aistriú Cóir

Tá an Ciste um Aistriú Cóir ar cheann amháin de na trí cholún den Sásra um Aistriú Cóir, rud lena soláthraítear creat foriomlán don Aontas Eorpach chun tacú leis na réigiúin is neamhchosanta ar dhúshláin aistrithe. Is féidir go gcomhlánófar infheistíochtaí faoin gCiste um Aistriú Cóir trí mheascán de dheontais agus d'iasachtaí a sholáthar d'eintitis earnála príobháidí faoi ionú tiomnaithe d'ionstraim InvestEU an Aontais Eorpaigh (Colún 2) agus trí Shaoráid

Iasachta shonrach don Earnáil Phoiblí a mbainistíonn an Banc Eorpach Infheistíochta í (Colún 3). Maidir le hinfheistíochtaí atá beartaithe a dhéanamh i mórthionscadail, mar shampla i ndáil leis an iompar, le fuinneamh inathnuaite, le héifeachtúlacht fuinnimh nó leis an iarfheistiú, is féidir gur ceart dóibh tacaíocht a lorg ó na colúin sin, go háirithe i gcás go bhfuil siad á n-urrú ag móreintitis earnála príobháidí nó ag comhlachtaí poiblí. D'fhéadfaí na colúin sin a úsáid chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha fhéideartha na Críche, mar shampla an timpeallacht gnó a bhreisiú, deiseanna fostaíochta a chruthú, an phróifíl scileanna a bhreisiú, inbhuanaitheacht comhshaoil agus oidhreacht thionsclaíoch a chur chun cinn, agus cur le hacmhainn an réigiúin mar áit chun cónaí, obair agus infheistiú ann agus chun cuairt a thabhairt air.

Faoi Cholún 2, soláthrófar le Scéim InvestEU um Aistriú Cóir ráthaíocht bhuiséadach faoi chlár InvestEU, áit a ngníomhaíonn mol comhairleach InvestEU mar phointe lárnach iontrála le haghaidh seirbhísí comhairleacha. Leis an Scéim, soláthrófar thart ar €1.8 billiún ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh (InvestEU). Táthar ag súil leis go slógfar léi €45 billiún ar fud an Aontais Eorpaigh, agus an chuid is mó den airgead sin ag teacht ó infheistíochtaí earnála príobháidí. Mar shampla, d'fhéadfadh tionscadail um dhícharbónú, um éagsúlú geilleagrach na réigiún, um fhuinneamh, um iompar agus um bonneagar sóisialta a bheith i gceist leis an Scéim. I gcomparáid leis an gCiste um Aistriú Cóir, is féidir go gcumasófar le Scéim InvestEU um Aistriú Cóir infheistíochtaí i raon níos leithne tionscadal, ar aon dul le Rialachán InvestEU agus le Treoirlínte Infheistíochta InvestEU, sna réimsí seo a leanas:

- Bonneagar inbhuanaithe (e.g., tionscadail um fhuinneamh inbhuanaithe, um nascacht dhigiteach, um iompar agus um an ngeilleagar ciorclach)
- Taighde, nuálaíocht, agus digitiú
- Fiontair bheaga agus mheánmhéide
- Infheistíocht shóisialta agus scileanna sóisialta (mar shampla tionscadail um oideachas agus oiliúint, um thithíocht shóisialta agus um chúram sláinte).

Chun bheith incháilithe:

- Ní mór do thionscadail InvestEU aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó ar bhearnaí infheistíochta agus ní mór dóibh bheith inmharthana ón taobh eacnamaíoch de
- Is gá go dteastaíonn ó thionscadail InvestEU tacaíocht ón Aontas Eorpach chun gur féidir leo tosú
- Ní mór do thionscadail InvestEU éifeacht iolraitheora a bhaint amach agus, nuair is féidir, infheistíocht phríobháideach a charnadh isteach

- Ní mór do thionscadail InvestEU cabhrú le cuspóirí beartais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

Is féidir le S3 na hÉireann an tacaíocht a sholáthrófar faoi Cholún 2 a threorú, e.g., forluíonn na hearnálacha seo a leanas ar réimsí téamacha InvestEU.

- Digitiú agus claochlú digiteach
- Scaipeadh na nuálaíochta
- Comhoibriú idirnáisiúnta i réimse an Taighde, na Forbartha agus na Nuálaíochta
- Feabhas a chur ar an gcóras náisiúnta um thaighde agus nuálaíocht fiontar.

Faoi Cholún 3, tá sé mar aidhm le Saoráid Iasachta nua don Earnáil Phoiblí maoiniú fóirdheonaithe a sholáthar do thionscadail earnála poiblí chun tairbhe do na réigiúin lena mbaineann. Spriocdhíreofar ar thionscadail nach ngineann dóthain ioncaim agus nach maoineofaí ar shlí eile iad. Is féidir leis an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí tacú le hinfheistíochtaí iontu seo a leanas, mar shampla: bonneagar fuinnimh agus iompair; líonraí téimh ceantair; digitiú; athchóiriú nó insliú foirgneamh; bonneagar comhshaoil le haghaidh bainistíocht chliste dramhaíola agus uisce; an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach; oiliúint, uasoiliúint agus athoiliúint i dtalamh agus éiceachórais a athchóiriú agus a dhí-éilliú; agus bonneagar sóisialta, lena n-áirítear saoráidí cúraim agus tithíocht shóisialta. Is í Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh a riarann an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí. Tarmligeadh an fhreagracht as an tSaoráid a bhainistiú chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, rud a sheolfaidh glaonna ar thograí trí thairseach “Cistiú agus Tairiscintí” an Choimisiúin. Féadfaidh tairbhithe féideartha (lena n-áirítear comhlachtaí dlí poiblí agus comhlachtaí dlí príobháideacha a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu) iarratas a dhéanamh ar thacaíocht chomhairleach ar shuíomh Gréasáin Mhol Comhairleach InvestEU. Is gá go ndéanfaí le haon iarratas rannchuidiú leis na riachtanais agus na tosaíochtaí forbartha atá sainaitheanta sa Phlean Críochach.

Tugadh le fios sna freagraí comhairliúcháin phoiblí a fuarthas go bhfuil spéis ghinearálta ann sna mórthacaí do thionscadail infheistíochta príobháidí le haghaidh éagsúlú geilleagrach sa limistéar, agus béim á leagan ar rochtain a bheith ag an earnáil phoiblí, ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ag fiontraithe ar iasachtaí ísealchostais. Sainaithníodh le linn an chomhairliúcháin phoiblí go bhfuil deiseanna ann faoi Cholúin 2 agus 3 chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh agus tionscadail a sheoladh sna réimsí seo a leanas: dícharbónú; éagsúlú geilleagrach; fuinneamh; iompar; digitiú; bonneagar sóisialta; tionscadail ghiniúna agus stórála fuinnimh inathnuaite; an geilleagar ciorclach; oiliúint agus uasoiliúint i mbonneagar

sóisialta; bia; monaraíocht; foirgníocht; turasóireacht; agus láithreáin a fhorbairt le haghaidh áiteanna oibre gnó, le haghaidh moil chianoibre agus le haghaidh saoráidí pobail.

3. Sásraí Rialachais

3.1 Comhpháirtíocht

Agus an Plean seo á fhorbairt, baineadh leas as na príomhchaidrimh a bhí ann cheana laistigh den Chríoch ina mbeidh tionchar. Forbraíodh na caidrimh sin le linn na freagartha náisiúnta tosaigh don scor de bhaint móna tráchtála, go háirithe trí obair an Choimisinéara um Aistriú Cóir agus Fhoireann Aistrithe Réigiúnach an Láir Tíre agus trí bhunú an Chiste Náisiúnta um Aistriú Cóir. De réir Airteagal 8 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, agus de réir phrionsabal na comhpháirtíochta, bhain forbairt agus cur chun feidhme Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir agus an faireachán ar an gCiste tairbhe cheana féin as rannpháirtíocht príomh-gheallsealbhóirí éagsúla, lenar áiríodh an pobal, gníomhaireachtaí de chuid an stáit ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, gnólachtaí a mbeidh tionchar orthu, príomh-chomhpháirtithe sóisialta agus comhlachtaí taighde. Leanfaidh forbairt agus cur chun feidhme an Chiste agus an faireachán ar an gCiste le tairbhe a bhaint as an rannpháirtíocht sin. A bhuí leis an gcomhairliúchán a rinneadh ar an dréacht-Phlean Críochach um Aistriú Cóir, beachtaíodh na cineálacha féideartha oibríochtaí a dtacófar leo, rud a chinnteoidh éabhlóid na gceanglas tar éis idirghabhálacha náisiúnta.

Ba thrédhearcach agus éifeachtach a bhí an caidreamh a rinneadh le comhpháirtithe ábhartha le linn chéim ullmhúcháin an chláir. Scaipeadh doiciméadacht ar chomhaltaí de Ghrúpa Stiúrtha an Phróisis Comhpháirtíochta agus de Ghrúpa Oibre an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta. Foilsíodh fógraí faoin gcomhairliúchán poiblí agus tuarascálacha comhairliúcháin ar an suíomh Gréasáin rialtais freisin, agus naisc ann chuig www.eufunds.ie agus chuig suíomhanna Gréasáin Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre. Chuir an t-aschur ó na gníomhartha comhpháirtíochta bonn eolais faoin gclár agus mhúnlaigh sé é. Bhí an t-aschur sin ina chuid dhílis den aiseolas a fuarthas le linn an clár a ullmhú agus le linn leasuithe a dhéanamh air, de réir mar ba chuí. Beidh ríthábhacht ag baint le cumarsáid thráthúil, thrédhearcach agus éifeachtach maidir le caidreamh rathúil comhpháirtíochta a choinneáil ar bun agus maidir le hinfheictheacht phoiblí a chinntiú.

3.2 Faireachán agus meastóireacht

Príomhshásra faireacháin maidir le cur chun feidhme a bheidh i gCoiste Faireacháin Cláir, rud atá le bunú laistigh de thrí mhí ón gClár a cheadú agus a thiocfaidh le chéile uair amháin ar a

laghad in aghaidh na bliana chun dul chun cinn a athbhreithniú. Ar aon dul le prionsabal na comhpháirtíochta agus leis an gCód Iompair Eorpach i ndáil le Comhpháirtíocht, áireofar leis na comhaltaí den Choiste ionadaithe d'údaráis bhainistíochta, údaráis náisiúnta, údaráis iniúchóireachta agus comhlachtaí idirmheánacha, geallsealbhóirí réigiúnacha agus áitiúla, agus ionadaithe do chomhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, comhlachtaí sochaí sibhialta agus cistí eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Beidh ról díreach ag comhpháirtithe agus geallsealbhóirí maidir leis an gcreat feidhmíochta a sholáthar agus maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Rianóidh an Coiste Faireacháin Cláir rannchuidiú an chláir le moltaí agus gníomhartha tírshonracha na hÉireann chun dálaí cumasúcháin a chomhlíonadh agus chun fothú acmhainneachta riaracháin a chur ar aghaidh do chomhlachtaí poiblí, comhpháirtithe agus tairbhithe. Déanfaidh an Coiste Faireacháin Cláir faireachán ar an dul chun cinn ar spriocanna agus garspriocanna a bhaint amach, breithneoidh sé aon leasuithe is gá a dhéanamh ar an gclár, agus rianóidh sé meastóireachtaí agus aon fhionnachtana/gníomhartha leantacha. Cuirfidh Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre plean clármheastóireachta faoi bhráid an Choiste Faireacháin Cláir laistigh de bhliain amháin ón gClár a cheadú, rud ina leagfar amach an dóigh a dtabharfar tuairisc ar chur chun feidhme. Déanfar meastóireacht lárthéarma sa bhliain 2025 chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar gharspriocanna a bhaint amach do na táscairí aschuir a soláthraíodh.

3.3 Comhlachtaí comhordúcháin

Bhunaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dhá ghrúpa chun cabhrú le forbairt a dhéanamh ar na cláir atá á gcistiú ag an Aontas Eorpach a chumhdaítear le Comhaontú Comhpháirtíochta na hÉireann, lena n-áirítear Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, agus chun comhlántacht a chur chun cinn idir Cistí de chuid an Aontais Eorpaigh agus ionstraimí náisiúnta. Coinneofar na struchtúir sin i bhfeidhm le linn cur chun feidhme.

- Áirítear le Grúpa Stiúrtha an Phróisis Comhpháirtíochta i leith na gCistí ionadaithe dóibh seo a leanas: Ranna ábhartha; cistí Rialachán na bhForálacha Coiteanna; comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta; grúpaí imeallaithe; grúpaí do dhaoine faoi mhíchumas; grúpaí um chomhionannas inscne; grúpaí in aghaidh an idirdhealaithe; comhlachtaí sochaí sibhialta; an Comhbheartas Talmhaíochta; an Plean Náisiúnta um Theacht Aniar agus Téarnamh; agus an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit. Chabhraigh sé le

húdaráis chláir Comhaontú Comhpháirtíochta a fhorbairt, agus déanann sé sásraí a shainaithint agus a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar shineirgí agus comhlántachtaí agus chun comhar a fheabhsú ar fud na gclár difriúil.

- Chomhordaigh Grúpa Oibre an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta an obair chun an Comhaontú Comhpháirtíochta a ullmhú, agus é ag cinntiú go mbeadh comhlántachtaí ann idir na cistí agus le hionstraimí eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus ag forbairt cur chuige coiteann i leith na bprionsabal cothrománach.

Maidir le dálaí cothrománacha cumasúcháin, oibríonn an Ciste go dlúth le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun treisiú leis an acmhainn institiúideach atá ag comhpháirtithe chun comhionannas agus cearta an duine a chur ar aghaidh le linn cláir a chur chun feidhme. Suíonn Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir ar an gCoiste Cumarsáide Náisiúnta, a chomhordaíonn na gníomhaíochtaí cumarsáide de chuid clár atá á gcistiú ag an Aontas Eorpach.

3.4 Comhairliúchán Poiblí

Bhí comhairliúchán poiblí ar an bPlean Críochach um Aistriú Cóir ar siúl ó mhí na Nollag 2021 go mí an Mhárta 2022. Áiríodh leis an gcomhairliúchán suirbhé ar líne, tairseach le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn, agus trí cheardlann a bhí dírithe ar riachtanais forbartha an réigiúin. Ghlac 240 freagraí ó raon leathan eagraíochtaí páirt sa chomhairliúchán - 57 rannpháirtí i gceardlanna ar líne, 82 fhreagra ar an suirbhé ar líne, agus 40 aighneacht i scríbhinn. Reáchtáladh ceardlann do dhaoine óga (idir 16 bliana d'aois agus 24 bliana d'aois) freisin. Tá tuarascáil comhairliúcháin ar fáil go poiblí.

Léiríodh sna fionnachtana go bhfuiltear ag iarraidh go dtacófaí leis an aistriú geilleagrach agus le líonraí pobail chun todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach, toisc go bhfuil gá ann le samhail chomhoibríoch nua um fhorbairt, rud lena gcuirfear leis na sócmhainní atá ann cheana agus leis na deiseanna atá ag teacht chun cinn. Dar le rannpháirtithe, tá gá ann le díriú ar na tionchair fostaíochta agus shocheacnamaíocha a imreofar ar phobail, agus ní ar oibrithe móna amháin. Rud a cuireadh in iúl go soiléir le linn an chomhairliúcháin ba ea an gá atá ann le teaghlaigh a mhealladh chuig an limistéar ag céim an chruthaithe teaghlaigh, le haghaidh a thabhairt ar ísealdlúis daonra agus leis an gCríoch a dhéanamh ina háit tharraingteach chun cónaí agus obair ann agus chun cuairt a thabhairt air. Bhíothas i bhfabhar cineálacha pobalbhunaithe cur

chuige ó bhun aníos, áit a ndíreofaí ar mhicrifhiontair agus ar an éiceathurasóireacht agus a bhforbrófaí tacair scileanna glasa nua trí dheiseanna inrochtana áitiúla a sholáthar.

Tá comhairliúchán poiblí reachtúil i gceist le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ar Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir freisin.

4. Aschur clár-shonrach nó táscairí toraidh clár-shonracha

Comhtháscairí Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán, is ea formhór na dtáscairí atá le húsáid chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus torthaí an Chláir.

Chun tuairisc iomlán a thabhairt ar thionchar measta an Chláir, áfach, is gá forbairt a dhéanamh ar tháscairí clár-shonracha atá curtha in oiriúint do na hoibríochtaí a dtacófar leo faoin gClár. Tríd is tríd, úsáidfear dhá tháscaire aschuir chlár-shonracha agus dhá tháscaire toraidh chlár-shonracha mar chuid den Chlár.

Dearadh PSO1 agus PSR1 (féach na táblaí) go sonrach chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomh 1.2 faoi Thosaíocht 1, mar atá: “Fostaíocht a ghiniúint le haghaidh iarphobail mhóna trí infheistíocht a dhéanamh sa gheilleagar áitiúil a éagsúlú”. Tá sé mar aidhm leis an ngníomh sin tacú le cur chun feidhme straitéisí geilleagracha áitiúla agus réigiúnacha ar glacadh iad trí phróiseas daonlathach ó bhun aníos a raibh príomh-gheallsealbhóirí áitiúla páirteach ann nó a nglacfar iad trí phróiseas den sórt sin. Toisc nach mbeidh na straitéisí uile glactha tráth sheoladh an Chláir, agus mar gheall go mbeidh siad go léir difriúil lena chéile chun freastal ar shonraíochtaí áitiúla, níor measadh aon cheann de na comhtháscairí atá ann cheana a bheith oiriúnach chun aschuir bheartaithe agus torthaí beartaithe na n-oibríochtaí a bhfuiltear ag súil leo a ghabháil. Mar sin, gabhfar leis an táscaire aschuir clár-shonrach an líon straitéisí sainaitheanta ar tacaíodh leo faoin gClár. Leis an táscaire toraidh clár-shonrach, déanfar faireachán ar an daonra a thagann faoi na straitéisí a cuireadh chun feidhme trí na tionscadail ar tacaíodh leo agus, dá bhrí sin, a bhíonn ag baint tairbhe as na hoibríochtaí sin a ailíneofar leis na tosaíochtaí aistrithe agus le príomhriachtanais áitiúla.

Forbraíodh PSR2 go sonrach chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó ghníomhartha 2.1 agus 2.2 faoi Thosaíocht 2 a ghabháil, mar atá: “Tacú le tailte móna díghrádaithe a athchóiriú agus a

athshlánú agus le sócmhainní oidhreachta tionsclaíche a athghiniúint agus a chur in oiriúint d'fheidhmeanna eile". Leis an táscaire sin, tomhaisfear an dóigh a rannchuidíonn na gníomhartha sin le talamh a athchóiriú agus a athshlánú chun an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun stádas hidreolaíoch a fheabhsú. Tá an táscaire sin bunaithe ar shamhail RCR52. Ba ghá é a chumadh toisc nár ceadaíodh le RCR52 athchóiriú agus athshlánú talún nach bhfuil le húsáid chun críocha sóisialta nó eacnamaíocha a ghabháil.

Forbraíodh PSO2 agus PSR3 (féach na táblaí) chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dtacaítear leo mar chuid de Thosaíocht 3, mar atá: "Roghanna soghluaisteachta cliste agus inbhuanaithe a thabhairt d'iarphobail mhóna chun cur ar a gcumas tairbhe dhíreach a bhaint as an aistriú glas". Faoin tosaíocht seo, tacófar le pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil i bpríomhláithreacha sa Chríoch mar chuid den Chlár. Chun an tuairisc is cruinne is féidir a thabhairt ar na hoibríochtaí sin, cinneadh úsáid a bhaint as táscaire aschuir clár-shonrach atá díreach mar an gcéanna le RCO 59 sa liosta de tháscairí CFRE. Cumasóidh sé sin don Chlár tuairisc a thabhairt ar an líon pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a bhíonn á suiteáil laistigh den Chríoch. Maidir le torthaí, cumasófar le táscaire toraidh clár-shonrach tuairisc a thabhairt ar mheán-am úsáide gníomhaí na bpointí nuashuiteáilte luchtaithe feithiclí leictreacha, i.e., an méid ama a bhíonn siad in úsáid. Tá an dá tháscaire chlár-shonracha sin ag teastáil le haghaidh an dul chun cinn a rinneadh faoin tosaíocht seo a léiriú trí úsáid a bhaint as táscairí ó chlár comhlántach a chuirfear i bhfeidhm i leith na Críche ar leith de chuid an Chiste um Aistriú Cóir.